



Garda
Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA
SÍOCHÁNA

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019




An tUas. Charlie Flanagan TD An tAire
Dlí agus Cirt agus Comhionannais
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath2

31 Márta 2020


A Aire, a chara,

Is pléisiúr dúinn an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil déag ó Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a chur faoi do bhráid, rud ina gcuimsítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2019. Cuirtear an Tuarascáil seo faoi do bhráid de réir alt 80 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Is mise le meas,



An Breitheamh Onórach
Mary Ellen Ring,
Cathaoirleach



Kieran FitzGerald,
Coimisinéir



Patrick Sullivan,
Coimisinéir

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

GLUAIS GIORRÚCHÁN AGUS TÉARMAÍ

An tAcht	Is é Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print .
Inghlacthacht	Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú.
Comhairle	Is smachtbhanna é sin, a bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána é a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – is féidir comhairle fhoirmiúil nó comhairle neamhfhoirmiúil a bheith i gceist leis.
Líomhain	Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó ná líomhain amháin. Tá na líomhaintí ina n-iompraíochtaí aonair a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith.
AIO	Oifigeach Cúnta Imscrúduithe
Airteagal 2	Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo.
Gearán	Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina n-aonar ó thaobh inghlacthachta de.
CoFPI	An Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn
Rialacháin Choimeádta	Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i stáisiúin Ghardaí. Is féidir iad a léamh ag http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print .
Rialacháin Araíonachta	Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print .
Gníomh Araíonachta	Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sárúithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sárúithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach.
Imeachtaí Araíonachta	Imeachtaí iad seo a fhéadfaidh an Garda Síochána a thionscnamh tar éis imscrúdú araíonachta. Is teorainn dlínse GSOC é a mholadh go ndéanfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhanna a eascródh dá bharr.
DLP	Teagmhálaí Ainmnithe faoi na treoirlínte dar teideal “Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí”.
RCBÁC	Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath
DOp	Stiúrthóir Oibríochtaí
DDOp	Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
DO	Oifigeach Ainmnithe
DPP	An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

ECHR	An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine
GSIO	Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána
GSOC	Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
IO	Oifigeach Imscrúduithe
Réiteach Neamhfhoirmiúil	Próiseas dá ndéantar foráil faoi alt 90 den Acht chun líomhaintí nach bhfuil tromchúiseach a láimhseáil, drochmhúineadh, mar shampla. Labhraíonn cásoifigeach de chuid GSOC leis an dune a dhéanann an gearán agus leis an ngarda agus é mar aidhm aige an scéal a réiteach. Baintear úsáid as Idirghabháil Áitiúil (a bhfuil cur síos air in Alt 4) níos minice anois chun gearáin den chineál seirbhíse a réiteach.
Imscrúdú	Mura féidir gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil, caithfear é a imscrúdú. De réir alt 98 den Acht, is é imscrúdaitheoir de chuid GSOC a imscrúdaíonn gearán ar bith a chuimsíonn líomhain go ndearnadh cion coiriúil. Is é GSIO (féach thuas) de ghnáth a imscrúdaíonn gearán a chuimsíonn líomhain de chineál araíonachta agus déanann sé amhlaidh faoi na Rialacháin Araíonachta agus de réir alt 94 den Acht. Más cuí leis an gCoimisiún Ombudsman é, féadfaidh imscrúdaitheoir de chuid GSOC formhaoirseacht a dhéanamh ar na himscrúduithe sin. Féadfaidh GSOC nithe neamhchoiriúla a imscrúdú freisin, ar aon dul le halt 95 den Acht
IRM	Bhunaigh an tAire DLí agus Cirt agus Comhionannais an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách i gcomhairle leis an Ard-Aighne i mí na Bealtaine 2014. Bhí sé mar fheidhm aici breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar nó laigí an Gharda Síochána agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú aige d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an gníomhaíocht sin.
Airmheán	Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun.
Comhalta i gceannas	An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgaís an chomhalta i gceannas a fheiceáil ina ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach thuas).
An Coimisiún Ombudsman	An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.
As am	Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi.
PDA	An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014
PD/PDU	Nochtadh Cosanta/An tAonad um Nochtadh Cosanta.
Prótacail	Doiciméad comhaontaithe idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Garda Síochána ar ábhair oibríochtúla. Leagadh an riachtanas seo amach in Acht an Gharda Síochána, 2005.
RTC/RTI	Imbhualadh Tráchta ar Bhóithre/Teagmhas Tráchta ar Bhóithre
SIC	Sain-Chomhordaitheoir Agallaimh
SIO	Oifigeach Sinsearach Imscrúduithe

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

AN 14^ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Súil Siar ar an mBliain	7
-------------------------------	---

Rannán 1: Gearáin agus Imscrúduithe..... 9

1.1	An Líon Ceisteanna.....	10
1.2	An Líon Gearán agus Líomhaintí.....	10
	Cairt 1: Cúinsí taobh thiar de na Gearáin a Fuarthas (An Líon Iomlán Gearán: 1,756)	10
	Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar áireamh)	11
	Léarscáil 2: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)	11
1.3	Cad iad na Nithe a nDéanann Daoine Gearán fúthu?	12
	Cairt 2: Cineálacha Líomhna i nGearáin Inghlactha (An Líon Iomlán Líomhaintí: 2,220)	12
1.4	Inghlacthacht.....	12
	Cairt 3: Cinntí ar Inghlacthacht an Ghearáin (An Líon Iomlán Gearán: 1,756)	12
1.5	Gearáin Neamh-inghlactha.....	13
	Cairt 4: Cúiseanna le Neamh-inghlacthacht na Líomhaintí i nGearáin Neamh-inghlactha (Líomhaintí Neamh-inghlactha 648)	13
1.6	Gearán Inghlactha	13
	Cairt 5: Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (An Líon Iomlán Gearán a Glacadh lena nImscrúdú: 1,153)	13
1.6.1	Imscrúduithe Coiriúla	14
1.6.2	Imscrúduithe Araíonachta.....	14
1.6.3	Torthaí na nImscrúduithe.....	20
	Tábla 1: Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2019.....	21
	Tábla 2: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm in 2019, tar éis imscrúduithe araíonachta.....	25
1.6.4	An tAm a Tógadh chun Cásanna a Dhúnadh.....	25
	Cairt 6: An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh (laethanta).....	26

Rannán 2: Imscrúduithe Neamhspleácha tar éis Báis nó Díobháil Thromchúiseach..... 27

2.1	Tarchuir ón nGarda Síochána faoi alt 102(1)	27
	Cairt 7: Cúinsí taobh thiar de na Tarchuir.....	27
	Cairt 8: Cineálacha Imscrúdaithe i dTarchuir (An Líon Iomlán Tarchur a Fuarthas: 40)	27
	Léarscáil 3: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a áireamh)	29
	Léarscáil 4: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath	29
	Tábla 3: Cineálacha imscrúdaithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe a dúnadh in 2019).....	30

Rannán 3: Imscrúduithe chun Leas an Phobail

31

Rannán 4: An Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla

33

Tábla 4: Idirghabháil Áitiúil 2019	34
--	----

Rannán 5: Gníomhaíocht DLí tar éis Imscrúduithe Coiriúla	36
Rannán 6: Eolas a Thabhairt do Bheartas agus Cleachtas Póilíneachta an Gharda Síochána	40
Tábla 5: Moltaí a rinneadh don Gharda Síochána sa bhliain 2019	40
Rannán 7: Nochtadh Cosanta	45
Rannán 8: Iarrataí ar Fhaisnéis	47
Tábla 6: Iarrataí ar fhaisnéis a próiseáladh sa bhliain 2019	47
Rannán 9: An Fhoireann.....	49
Cairt 9: Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin	51
Rannán 10: Rannchuidiú le Foghlaim Náisiúnta agus Idirnáisiúnta	52
Conclúid	53
Aguisín 1: Rialachas, Airgeadas agus Rialuithe Inmheánacha.....	54
Tábla A: Dátaí agus Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin	56
Tábla B: Caiteachas GSOC sa bhliain 2019.....	57
Tábla C: Miondealú ar Shochair Fostaithe	58
Aguisín 2: Próifíl na nDaoine a Rinne Gearán sa Bhliain 2019.....	61
Cairt 10: Inscne	61
Cairt 11: Aois.....	61
Cairt 12: Náisiúntacht.....	61
Cairt 13: Tír bhreithe	61
Cairt 14: Eitneacht	62
Cairt 15: Teanga.....	62
Cairt 16: Míchumas.....	62
Cairt 17: Reiligiún	62
Cairt 18: Tithíocht	63
Cairt 19: An Leibhéal Oideachais is Airde.....	63
Cairt 20: Fostaíocht	63
Aguisín 3: Próifíl na nGardaí a ndearnadh gearán fúthu sa bhliain 2019.....	64
Cairt 21: Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2019.....	64
Cairt 22: Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2019	64
Aguisín 4: Dearcadh na nDaoine	65

SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

Réamhrá

Dhá fhorbairt shuntasacha a bhí mar shaintréithe den bhliain faoi athbhreithniú do GSOC—ardú ollmhór ar líon na foirne agus tús á chur le pleanáil do chóras formhaoirseachta ar an nGarda Síochána a mbeidh bunathrú air, mar thoradh ar an athrú reachtach a rabhthas ag súil leis.

Ceadaíodh tuilleadh foirne a earcú i mí na Samhna 2018 mar fhreagra ar chás gnó a cuireadh isteach níos luaithe an bhliain sin inar tharraing GSOC aird ar an drochthionchar ag tearc-acmhainní a bheith á gcur ar fáil go leanúnach don eagraíocht agus inar sainaithníodh an gá le tuilleadh foirne chun déileáil leis an ualach oibre reatha. Tugadh ceadú do GSOC 42 bhall foirne breise a cheapadh—an méid a lorgaíodh sa chás gnó—agus leanadh leis an bpróiseas sin, ar cuireadh tús leis ag deireadh 2018, i rith cuid mhaith de 2019. Ardaíodh líon na foirne ó 92 ag deireadh 2018 go dtí 125 ag deireadh 2019.

Chuaigh GSOC i mbun pleanála freisin do chruthú an eagraíocht nua a moladh i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI) (Meán Fómhair 2018) le teacht in áit GSOC i mí Eanáir 2021.

Cé nach raibh reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt do mholtaí CoFPI foilsithe ag deireadh na bliana, d'ullmhaigh GSOC doiciméad straitéise agus chuir ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais é i mí Iúil. Leagadh amach sa doiciméad riachtanais dhóchúlacha an chomhlachta a thiofadh in áit GSOC. Athrú suntasach a mhol CoFPI ná gurbh í an eagraíocht nua a dhéanadh imscrúdú ar na gearáin go léir faoi ghardaí, seachas roinnt díobh a bheith á n-imscrúdú ag gardaí sinsearacha, mar a tharlaíonn faoin reachtaíocht reatha.

Mhol CoFPI freisin gur chóir na gearáin go léir faoi ghardaí a dhéanamh tríd an eagraíocht nua, a chinnfeadh cibé ar chás a bhain le feidhmíocht a bhí ann, a d'fhéadfaí a tharchur ar ais chuig an nGarda Síochána chun athbhreithniú a dhéanamh air agus chun é a réiteach, nó cibé an raibh imscrúdú neamhspleách de dhíth ina leith. Tá impleachtaí suntasacha ag na moltaí sin do riachtanais acmhainní na heagraíochta nua.

Ní raibh GSOC mar chomhalta den Ghrúpa Cur Chun Feidhme um Athchóiriú na Póilíneachta (IGPR) a bunaíodh chun moltaí CoFPI a chur chun feidhme, ach bhí deiseanna aige i rith na bliana chun barúlacha a thabhairt agus aighneachtaí a dhéanamh ar ghnéithe den dréacht-reachtaíocht maidir le formhaoirseacht ar phóilíneacht.

Chuaigh an Coimisiún Ombudsman—an Cathaoirleach An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring agus Coimisinéirí Kieran FitzGerald agus Patrick Sullivan—os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas i mí na Bealtaine. Chuir an Coimisiún imní in iúl mar gheall go bhfuil an Garda Síochána fós ag déanamh Imscrúduithe Coiriúla ar a chomhaltaí féin gan GSOC a bheith ar an eolas fúthu nó rannpháirteach iontu.

Luaigh an Coimisiún go bhfuil an cleachtas sin in aghaidh mholadh CoFPI gur chóir na gearáin go léir a dhéanamh trí eagraíocht an Ombudsman.

B'ábhar imní don Choimisiún Ombudsman i gcónaí é go ndearna an Garda Síochána imscrúduithe coiriúla ar a chomhaltaí féin gan GSOC a bheith ar an eolas fúthu nó rannpháirteach iontu agus ardaíodh an pointe sin i ndíospóireacht le Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, agus i gcomhthéacs na díospóireachta faoin reachtaíocht atá le teacht.

Creideann GSOC gur chóir go ndéanfaí foráil shonrach sa reachtaíocht a thiofadh in áit Acht an Gharda Síochána, 2005 d'fhormhaoirseacht neamhspleách ar na gearáin go léir in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána, beag beann ar bhunús an ghearáin.

Ag teacht leis an dearcadh gur chóir go mbeadh GSOC in ann gearáin a imscrúdú gan bhaint a bheith ag an nGarda Síochána leis, tugadh deis leis an ardú ar an líon foirne in 2019 d'imscrúdaitheoirí GSOC tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh. Léirítear sin san ardú ar an líon imscrúduithe faoi alt 95 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 (gearáin nach bhfuil cionta i gceist leo de réir dealraimh) agus sa laghdú dá bharr ar chásanna arna n-imscrúdú ag Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána faoi alt 94 d'Acht 2005.

Cuireadh próiseas Idirghabháil Áitiúil i bhfeidhm i ngach rannán de chuid an Gharda Síochána i rith na bliana freisin, próiseas a dearadh chun gearáin ar leibhéal seirbhíse nach bhfuil tromchúiseach faoi chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach taobh amuigh den phróiseas imscrúdaithe foirmiúil. Chuir an Garda Síochána agus GSOC tionscadal píolótach maidir le hidirghabháil Áitiúil i gcrích in 2018 agus measadh go raibh na torthaí sách maith chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm ar fud na tíre in 2019. Tugtar sainmhíniú agus tuairisc faoin bpróiseas Idirghabháil Áitiúil i Rannán 4 den doiciméad seo.

Príomhfhiúirí

Baineann na fiúirí a luaitear sa tuarascáil seo le gearáin a rinne daoine den phobal le GSOC agus le tarchuir a rinne Coimisinéir an Gharda Síochána chuig GSOC. Ní áirítear leo líomhaintí mí-iompair in aghaidh ghardaí a bhféadfadh gur tuairiscíodh iad don Gharda Síochána ach nár tuairiscíodh iad do GSOC.

- Fuair GSOC 1,756 gearán in 2019
- Bhí 2,885 líomhain sna gearáin sin
- Tharchuir an Garda Síochána 40 ní ina bhfuil an chuma ar an scéal “go bhféadfadh go raibh iompar comhalta den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le díobháil thromchúiseach a dhéanamh do dhuine”.
- Tarchuireadh 23 chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, rud a bhí ina chúis le 5 ordú go ndéanfaí ionchúiseamh, 14 ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh, agus 4 chinneadh a bhí ar feitheamh.
- Osclaíodh 44 imscrúdú chun leas an phobail (na himscrúduithe sin a rinneadh in éagmais gearáin nó tarchuir ag Coimisinéir an Gharda Síochána) in 2019
- Rinne comhaltaí agus/nó fostaithe den Gharda Síochána 31 nochtadh chosanta do GSOC
- D’fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána 96 smachtbhanna ar ghardaí aonair de bharr gearáin a rinneadh le GSOC agus/nó imscrúduithe a rinne GSOC. Ní áirítear leis an bhfiúir sin smachtbhannaí a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm tar éis imscrúduithe nach raibh baint ag GSOC leo.

RANNÁN 1: GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUI THE

SONRAÍ BARRLÍNE

GLAONNA




4,026

an líon glaonna ar ár n-uimhir íosghlao, agus iad á bhfreagairt ag cásoibrithe.



98%

an céatadán de na glaonna a fuarthas ar freagraíodh dóibh laistigh de 60 soicind



290

an líon daoine ar buaileadh leo go pearsanta inár n-oifig phoiblí agus ag coinní sceidealta


CEISTEANNA



3,457

an líon de na teagmhálacha tosaigh sin a osclaíodh mar "cheisteanna" ar dtús inár gcóras bainistíochta cásanna. A luaithe a fhaightear faisnéis dhóthanach, déantar stádas na ceiste a uasghrádú ina ghearán foirmiúil. Bhí ardú beagnach 14 faoin gcéad ar an líon ceisteanna i gcomparáid le 2018 (3,036).

GEARÁIN



1,756

an líon gearán a osclaíodh in 2019 - beagnach 9% níos lú ná 2018.

2,885

an líon líomhaintí a bhí ann laistigh de na gearáin sin (toisc gur féidir go mbeidh roinnt líomhaintí éagsúla ann i ngearán amháin).

GEARÁIN

Leagtar amach in ailt 83 go 101 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú ("an tAcht"), na rialacha agus na próisis lena sainítear conas nach mór do GSOC déileáil le gearáin.

1.1 AN LÍON CEISTEANNA

Sa bhliain 2019, thug cásoibrithe freagra ar **4,026** ghlaio teileafóin ar uimhir íosghlaio GSOC (1890 600 800). Tugadh freagra ar **98%** díobh laistigh de 60 soicind. Is ionann an líon sin agus méadú suntasach ar an 3,036 ghlaio a fuarthas sa bhliain 2018.


Bhuail cásoibrithe le **290** dhuine inár n-oifig phoiblí freisin.

Ar an iomlán, dhéileáil cásoibrithe le **3,457** gceist tríd an bpost, trí ríomhphost agus trí chomhfhreagras ó stáisiúin Ghardaí. Ar an gcéad dul síos, osclaítear gach teagmháil ar ár gcóras mar 'cheist' go dtí go bhfuil go leor faisnéise againn chun í a uasghrádú ina ghearán agus chun a hinghlacthacht a mheasúnú.

1.2 AN LÍON GEARÁN AGUS LÍOMHAINTÍ

Osclaíodh **1,756** ghearán san iomlán sa bhliain 2019, rud ar laghdú (9%) é ar an bhfigiúr don bhliain 2018. Is féidir ar a laghad roinnt den laghdú a lua le hatreorú go leor gearán nach bhfuil tromchúiseach chuig an bpróiseas Idirghabháil Áitiúil, mar a mhínítear i Rannán 4. Bhí **2,885** líomhain ann sna gearáin sin – is féidir go mbeidh roinnt líomhaintí ann i ngach gearán.

Cairt 1: Cúinsí taobh thiar de na Gearáin a Fuarthas (An Líon Iomlán Gearán: 1,756)




Na cúinsí ba choitianta ba chúis le gearáin sa bhliain 2019: seoladh imscrúduithe ag gardaí, iompar gardaí agus gabháil á déanamh acu, teagmhais phóilíneachta ar bhóithre, seirbhís na ngardaí do chustaiméirí agus iompar gardaí agus cuardach á dhéanamh ar réadmhaoin agus/nó ar dhuine.


Féach próifílí na ndaoine a rinne gearáin, agus próifílí na ngardaí a ndearnadh gearáin inghlactha fúthu, sna hAguisíní.

Léirítear sna léarscáileanna ar an gcéad leathanach eile dáileadh geografach na líomhaintí a bhí ann i ngearáin a rinneadh in aghaidh ghardaí sa bhliain 2019. Léirítear iontu na líomhaintí go léir a bhí ann, na cinn ar glacadh leo agus na cinn a raibh cinneadh inghlacthachta le déanamh fúthu amhail an 31 Nollaig 2019. Ní áirítear leo 126 líomhain nár bunaíodh rannáin Gharda Síochána ina leith go fóill faoi dheireadh na bliana.

Léarscáil 1: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith ar áireamh)



Léarscáil 2: Líomhaintí de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)




Ba i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) a taifeadh an líon ab airde líomhaintí sa tír, mar a mbeifeá ag súil leis, agus an líon daonra agus gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair. Ba ó RCBÁC Thuaidh agus ó RCBÁC Theas Láir a fuarthas an líon ab airde, eadhon 203 líomhain ó gach réigiún. Ba ó RCBÁC Thuaidh agus ó RCBÁC Thiar a fuarthas an líon ab airde líomhaintí anuraidh.

Lasmuigh den RCBÁC, ba iad Cathair Chorcaí agus Ciarraí faoi seach na rannáin ina ndearnadh an líon ab airde líomhaintí in aghaidh ghardaí sa bhliain 2019.

1.3 CAD IAD NA NITHE A NDÉANANN DAOINE GEARÁN FÚTHU?

Tríd is tríd, ní bhíonn athrú ann ó bhliain go bliain sna nithe a ndéanann daoine gearán le GSOC fúthu.

Cairt 2: Cineálacha Líomhna i nGearáin Inghlactha (An Líon Iomlán Líomhaintí: 2,220)



Léirítear i gCairt 2 na nithe is coitianta a ndéanann daoine gearán fúthu:

- Mí-úsáid Údaráis – is iad úsáid iomarcach fornirt agus treoir chun rud éigin a dhéanamh a measann an duine a bhfuil an gearán á dhéanamh aige nach raibh údarás ag an ngarda é a éileamh na príomhchineálacha líomhna atá catagóirithe mar ‘mhí-úsáid údaráis’.
- Faidh i nDualgas – gnáthshamplaí ‘faillí i ndualgas’ is ea líomhaintí gur theip ar gharda gníomh a bhféadfaí a bheith ag


súil leis go réasúnta a dhéanamh – mar shampla, gan glao teileafóin a chur ar ais ar dhuine ag taobh amháin den scála agus coir thromchúiseach líomhnaithe a imscrúdú mar is ceart ag an taobh eile.

- Míchúirtéis – gearáin a bhaineann leis an dóigh ar labhair nó ar chaith garda le duine.
- Cionta Neamh-Mharfacha – is líomhaintí iad sin go ndearnadh cion coiriúil atá liostaithe san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine 1997 agus folaíonn siad, mar shampla, ionsaí.

1.4 INGLLACTHACHT

Déantar na gearáin go léir a fhaigheann GSOC a mheasúnú in aghaidh critéir atá liostaithe in Acht an Gharda Síochána, 2005, chun a dhéanamh amach an bhfuil siad inghlactha nó nach bhfuil. Má chomhlíonann siad na critéir sin, féadfaidh GSOC déileáil leo. Mura gcomhlíonann siad na critéir, measfar iad a bheith neamh-inghlactha.

Cairt 3: Cinntí ar Inghlacthacht an Ghearáin (An Líon Iomlán Gearán: 1,756)



Conas a Chinnimid cé acu a Ghlacfar nó nach nGlacfar Gearán lena Imscrúdú?

De réir alt 87 d’Acht 2005, féadfaimid gearán a ghlacadh más rud é:


- **go** ndéanann duine a dtéann an t-iompar is ábhar don ghearán i bhfeidhm air/uirthi nó duine a fheiceann an t-iompar an gearán (nó, i gcúinsí áirithe, go ndéantar an gearán thar a c(h)eann); agus
- **go** mbaineann an gearán le hiompar a bheadh cothrom le cion coiriúil nó sárú ar araíonacht an Gharda Síochána ag comhalta den Gharda Síochána dá gcruthófaí é; agus

- **go** ndéantar an gearán laistigh de teorainn ama aon bhliana ón teagmhas is ábhar don ghearán; agus
- **nach** gearán suaibhreasach ná cráiteach é; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hordú ginearálta ná rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir an Gharda Síochána; agus
- **nach** mbaineann an gearán le hiompar arna dhéanamh ag comhalta den Gharda Síochána nuair a bhí an comhalta as dualgas, **ach amháin** sa chás gur dhócha go dtarraingeodh an t-iompar líomhnaithe míchlú ar an nGarda Síochána dá gcruthófaí é.

1.5 LÍOMHAINTÍ NEAMH-INGHLACTHA

Sa bhliain 2019, measadh 584 cheann de na gearáin a fuarthas a bheith neamh-inghlactha, ós rud é nár chomhlíon ceann ar bith de na líomhaintí istigh iontu (648 gcinn san iomlán) na critéir inghlacthachta atá leagtha amach san Acht. Léirítear sa chairt thíos na cúiseanna leis sin.

Cairt 4: Cúiseanna le Neamh-inghlacthacht na Líomhaintí i nGearáin atá Neamh-inghlactha (Líomhaintí Neamh-inghlactha 648)



Ba í an chúis ba choitianta – a líomhnáíodh **508** uair ná nach mbeadh an t-iompar líomhnaithe ina


choir ná ina shárú ar na Rialacháin Araíonachta fiú amháin dá gcruthófaí é.

Ba í an dara cúis ba choitianta nár glacadh gearán lena imscrúdú ná gur lasmuigh den teorainn ama a shonraítear in alt 84 den Acht – 12 mhí tar éis dháta an iompair a ndearnadh gearán faoi – a bhí an líomhain/na líomhaintí a bhí ann sa ghearán. Sa bhliain 2019, cinneadh **87** líomhain a bheith neamh-inghlactha ar an gcúis sin. Cé go bhfuil lánrogha éigin ag GSOC maidir le gearáin a ghlacadh lasmuigh den tréimhse ama shonraithe, tá cúis phraiticiúil ann le teorainn ama sa chuid is mó de chásanna; dá mhéad ama atá imithe thart idir an teagmhas agus an gearán is amhlaidh is doilí imscrúdú éifeachtach a dhéanamh lena mbaineann fianaise a chaomhnú, finnéithe féideartha a aimsiú, agus ráitis chruinne a fháil.

1.6 GEARÁN INGLACTHA

Sa bhliain 2019, fuarthas agus glacadh 1,153 gearán (a raibh líomhain inghlactha amháin ar a laghad iontu) lena n-imscrúdú. Déileáladh leo ar cheann amháin de chúig bhealach. Mionsonraítear sa chairt thíos na cineálacha imscrúdaithe a osclaíodh i 1,153 chinn de na cásanna sin. Tabhair ar aird: scoireadh de 10 gcás ar measadh iad a bheith inghlactha ar dtús sular cuireadh tús le himscrúdú.

Cairt 5: Imscrúduithe a Osclaíodh de réir Cineáil (An Líon Iomlán Gearán a Glacadh lena nImscrúdú: 1,153)



Léirítear i gCairt 5 conas a déileáladh ar dtús leis na gearáin go léir a glacadh. Is féidir go dtiocfaidh

athrú air sin le linn an cháis. Mar shampla, is féidir go ndéanfar imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht a ghéarú ina imscrúdú faoi mhaoirseacht nó ina imscrúdú neamhchoiriúil a dtabharfadh imscrúdaitheoirí GSOC faoi. A luaithe a imscrúdaítear na gnéithe coiriúla de ghearán, féadfar aon ghnéithe neamhchoiriúla a scrúdú agus/nó a imscrúdú ansin.

1.6.1 Imscrúduithe Coiriúla

Is de réir alt 98 den Acht a dhéanann GSOC imscrúduithe coiriúla. Is iad imscrúdaitheoirí de chuid GSOC é féin a imscrúdaíonn gach líomhain maidir le cionta coiriúla arna ndéanamh ag gardaí (mar shampla, ionsaí). Mar thoradh ar ghearán a fuarthas sa bhliain 2019, osclaíodh **485** imscrúdú choiriúla.

1.6.2 Imscrúduithe Araíonachta

Tá **trí** bhealach ann inar féidir líomhaintí maidir le sáruithe araíonachta a láimhseáil:

- Is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a dhéanann **imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht** (faoi alt 94(1) den Acht) ar aon dul le Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. De réir na bPrótacal atá ann idir GSOC agus an Garda Síochána, ní mór imscrúduithe gan mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil deiridh ina leith a eisiúint chuig GSOC laistigh de 16 seachtaine. Sampla den chineál cáis a imscrúdaítear ar an mbealach sin is ea líomhain go raibh mí-úsáid údaráis ann nuair a bhí duine á g(h)abháil. Osclaíodh **405** chás den sórt sin sa bhliain 2019, i gcomparáid le 598 imscrúdú den sórt sin sa bhliain 2018 agus léiríonn sin tabhairt isteach an phróisis Idirghabháil Áitiúil (arna shainmhíniú i **Rannán 4**). Leis an bpróiseas Idirghabháil Áitiúil, tugtar deis roinnt gearán a réiteach ar leibhéal áitiúil; ní bhíonn gearáin arna réiteach ar an tslí sin ina n-ábhar imscrúdaithe den chineál foirmiúil a ndéantar cur síos air sa rannán seo.
- Is iad ceannfoirt de chuid an Gharda Síochána a dhéanann **imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht** (faoi alt 94(5) den Acht) freisin ach bíonn siad á maoirsiú ag imscrúdaitheoirí de chuid GSOC, a bhuaileann leis na ceannfoirt de

chuid an Gharda Síochána chun plean imscrúdaithe a chomhaontú. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir de chuid GSOC na gníomhartha imscrúdaitheacha a threorú agus páirt a ghlacadh iontu agus ní mór tuarascálacha eatramhacha a fháil. De réir na bPrótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain. Tá sé oiriúnach imscrúduithe faoi mhaoirseacht a dhéanamh i gcásanna ina ndéantar líomhaintí níos tromchúisí maidir le faillí i ndualgas, mar shampla easpa imscrúdaithe, nó imscrúdú neamhleor, ar choir thromchúiseach a tuairiscíodh do ghardaí. Osclaíodh **105** cás den sórt sin in 2019.

- **Imscrúdú neamhchoiriúil arna dhéanamh ag GSOC** (faoi alt 95 den Acht) – Is iad imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána féin a fhéadfaidh tabhairt faoi chásanna áirithe nach bhfuil cionta coiriúla i gceist leo de réir dealraimh agus a bhféadfadh nithe araíonachta agus/nó nithe sistéamacha a bheith i gceist leo. I measc an chineál imscrúdaithe neamhchoiriúil sin arna dhéanamh ag imscrúdaitheoirí GSOC bheadh imscrúduithe araíonachta a eascraíonn as imscrúduithe coiriúla. Osclaíodh **148** gcás den sórt sin in 2019. Is ionann sin agus ardú beagnach 50% ar an líon imscrúduithe faoi alt 95 a osclaíodh in 2018 (100). Léiriú é ar thiomantas GSOC tosú ar éifeacht a thabhairt do mholadh ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI) nach dtabharfadh an comhlacht a thiocfadh in áit GSOC gearáin ar ais chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú. Éascaíodh an ghluaiseacht sin i dtreo tuilleadh imscrúduithe neamhchoiriúla a sheoladh ag an ardú sin ar líon na foirne in GSOC in 2019.

Achoimre ar chás

Cuireadh smachtbhanna ar gharda i leith míchúirtéise i ndiaidh do dhuine ar bhain mion-imbhualadh cairr di gearán a dhéanamh maidir leis an tslí ar labhair an garda léi féin agus leis

an tiománaí eile.

Tháinig an garda chun na láithreach agus d'ordaigh don bheirt thiománaithe a bhfeithiclí a bhogadh as an mbealach ar lána bus. Dúirt an gearánach, »

» fad a bhí sí ag tiomáint suas an bóthar chuig an áit ar cheap sí ar ordaigh an garda di tarraingt isteach, gur labhair an garda go maslach léi féin.

Dúirt an gearánach gur lean an garda air ag béicíl uirthi féin agus ar an tiománaí eile, nach raibh ábalta an garda a thuiscint go maith, fad a bhí siad ag malairt sonraí lena chéile.

Dúirt an gearánach, cé go raibh sí buíoch gur tháinig an garda chun na láithreach, nár ghá dó a bheith ag béicíl arís agus arís eile agus ag labhairt go maslach. Dúirt sí go raibh sí féin agus an tiománaí eile ciúin agus nach raibh siad ag argóint.

Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh faoi alt 94 (1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Nuair a cuireadh agallamh ar an ngarda don imscrúdú, dúirt sé nach ionsaitheach a bhí sé, ach láidir agus gairmiúil. D'admhaigh sé go raibh clogad gluaisrothair agus plugaí cluaise á gcaitheamh aige tráth an teagmhais. Ba cheart dó an clogad agus na plugaí cluaise a bhaint agus é ag plé leis an bpobal.

Cinneadh go ndearna sé sárú maidir le míchúirtéis agus ba chomhairle an smachtbhanna a d'fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána.

Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna garda sárú araíonachta maidir le gan líomhain ionsaithe a thaifeadadh ar an gcóras PULSE. Rinne fear líomhain gur thug beirt phaisinéirí íde béil dó agus gur

ionsaigh siad go fisiciúil é fad a bhí sé ag obair do chuideachta iompair.

Thuaireascigh an fear an teagmhas ina stáisiún áitiúil de chuid an Gharda Síochána agus dúirt sé gur inis garda dó 'go mbuailfeadh duine éigin air an lá dár gcionn chun ráiteas a ghlacadh'. Níor chuala an fear dada eile ón gcomhalta sin den Gharda Síochána ná ó aon chomhalta eile.»

» Líomhain an gearánach nach ndearna na gardaí teagmháil ar bith leis tar éis dó an líomhain ionsaithe a dhéanamh. Measadh an gearán a bheith inghlactha agus rinne Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) imscrúdú ar an ngearán. Chuir an GSIO a rinne imscrúdú thar ceann GSOC agallamh ar an ngarda, a dúirt, nuair a cuireadh ceist air, gur ghlac sé an cuntas bunaidh ar an líomhain ionsaithe ag an stáisiún. Dúirt sé gur mhínigh sé don ghearánach a mbeadh i gceist le himscrúdú ag na gardaí. Dúirt an garda go raibh an fear le filleadh ar an stáisiún an lá dár gcionn chun gearán foirmiúil a dhéanamh.

Níor thaifead an garda an teagmhas ar PULSE. Thug an garda réasúnaíocht shiarghabhálach leis sin, agus dúirt go raibh an fear a thuairiscigh an líomhain ionsaithe le filleadh ar an stáisiún ach nár fhill sé. Glacann an garda leis gur cheart dó an teagmhas a thaifeadadh ar PULSE.

Cinneadh go ndearna an comhalta den Gharda Síochána sárú ar Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht), 2008 as gan teagmhas a thaifeadadh ar an gcóras PULSE – ba í comhairle an smachtbhanna a tugadh.

Achoimre ar chás

Cuireadh smachtbhanna ar gharda as faillí i ndualgas toisc gur theip air gearán ó thiománaí tacsai gur dhiúltaigh paisinéir an táille a íoc a imscrúdú. D'inis an tiománaí tacsai do GSOC

nár íocadh an táille iomlán leis i ndiaidh dó duine a thabhairt abhaile agus gur dúradh leis filleadh an lá dár gcionn chun fuilleach na táille a fháil. Nuair a d'fhill sé an lá dár gcionn níor tugadh an táille a bhí le híoc dó. Rinne an tiománaí tacsáí gearán le GSOC gurbh é a tharla an chéad uair ar ghlaoigh sé ar an stáisiún gardaí chun an ní a thuairisciú gur inis an duine a d'fhreagair an teileafón nárbh ábhar do na gardaí a bhí i gceist agus gur cuireadh síos an teileafón. Ghlaoigh sé an athuair agus d'fhreagair duine eile a dúirt leis teacht chuig an stáisiún gardaí. Nuair a bhain sé an stáisiún amach, dúradh leis nárbh bailitheoirí fiach iad na gardaí agus nach gcabhródís leis. »

» Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun an gearán le GSOC a imscrúdú. Níor sainaithníodh an duine a d'fhreagair an chéad ghlaoch, ach cuireadh agallamh ar an dara freagróir. Cé nár cuimhin leis an ngarda mionsonraí an teagmhais, d'admhaigh sé sárú ar na rialacháin araíonachta—faillí i ndualgas as cliseadh gearán faoi nár íocadh táille thacsaí a imscrúdú “gan cúis mhaith dhóthanach”.

Ba é rabhadh an smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Chuir an GSIO an ní a ndearna an tiománaí tacsáí iarracht a thuairisciú ar aghaidh chuig an nGarda Síochána ina dhiaidh sin lena imscrúdú.

Achoimre ar chás

Rinne tiománaí gearán le GSOC tar éis gur toghaireadh chun na cúirte é as gan árachas a bheith aige, cé gur thaispeáin sé a chuid doiciméad ag stáisiún gardaí nuair a iarradh air sin a dhéanamh.

D'inis an tiománaí do GSOC gur urghabh na gardaí a charr. Dúirt sé gur inis sé don gharda a raibh a charr á thógáil aige go dtabharfadh sé a chuid doiciméad chuig stáisiún gardaí áirithe. Dúirt sé go bhfuair sé a charr ar ais i ndiaidh dó na doiciméid a thaispeáint ach gur toghaireadh é as gan árachas a bheith aige cúpla mí ina

dhiaidh sin.

Aimsíodh san imscrúdú nár chuir an garda a chruthaigh an teagmhas scaoilte ar PULSE—is é sin, an garda a ‘scaoil’ an carr—sonraí an pholasaí árachais ar PULSE. Dá bharr sin, ní raibh an garda a ndearnadh an gearán ina leith an chéad lá in ann a fheiceáil gur taispeánadh na doiciméid sin, agus is mar gheall air sin gur thoghair an garda sin an gearánach.

Luaigh an tOifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) i dtuarascáil an GSIO, maidir leis an gcomhalta ar cinneadh go ndearna sé sárú ar na rialacháin araíonachta as gan na mionsonraí árachais a thaifeadadh ar PULSE, go raibh níos lú ná bliain »

» seirbhíse aige an tráth a ndearnadh an t-easnamh—sna cúinsí sin, thug an ceannfort a foláireamh. Tarraingíodh siar ionchúiseamh an ghearánaigh agus dá bharr sin níor tugadh an gearánach chun na cúirte.

Achoimre ar chás

Aimsíodh go ndearna comhalta den Gharda Síochána sárú ar na Rialacháin Araíonachta as faillí i ndualgas agus easumhlaíocht i leith orduithe i ndáil le cliseadh gearán faoi ionsaí gnéasach ar mhionaoiseach a imscrúdú go tráthúil agus an gearánach a choinneáil ar an eolas faoin imscrúdú.

Cuireadh tús leis an imscrúdú i ndiaidh do dhuine den phobal gearán a dhéanamh le GSOC faoin méid ama a thóg sé ar ghardaí líomhaintí a bhí déanta aige a imscrúdú. Rinne sé gearán freisin nár coinníodh ar an eolas é faoin imscrúdú ar a ghearán agus nár coinníodh ar an eolas é faoi threoir an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Líomhain an gearánach go raibh fear ag déanamh mealltóireacht ar dhuine muinteartha leis, ar leanbh a bhí ann. Mhaígh an gearánach go ndúirt an garda ar labhair sé leis go seolfadh sé comhad chuig an DPP. Nuair a chuaigh

an gearánach teagmháil leis an DPP, áfach, dúradh leis nár seoladh aon chomhad. Bhí agallamh curtha ag an ngarda ar an leanbh, a dúirt gur ghaol comhthoiliúil a bhí sa ghaol, agus nár theastaigh uaidh/uaithi go mbeadh na gardaí rannpháirteach sa scéal.

Ceapadh ceannfort de chuid an Gharda Síochána chun imscrúdú faoi mhaoirseacht a dhéanamh—is é sin, imscrúdú faoi mhaoirseacht oifigeach imscrúduithe GSOC. Aimsíodh san imscrúdú nár gabhadh an duine a cúisíodh sa chion go dtí breis agus dhá bhliain ó thuairiscigh an gearánach an ní chuig na gardaí. Ba tar éis gur ghabhadh an fear gur seoladh comhad chuig an DPP. Aimsíodh san imscrúdú freisin gur theip ar an gcomhalta den Gharda Síochána nótaí a choinneáil ar an imscrúdú agus gur theip air an gearánach a choinneáil ar an eolas.»

» Bhí sé de dhualgas ar an gcomhalta den Gharda Síochána imscrúdú a dhéanamh ar chion a d'fhéadfadh tarlú faoi alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006 agus comhad a chur ar aghaidh chuig an DPP go tráthúil lena bhreithniú—ach nach ndearna sé é sin.

Mhol GSOC go ndéanfaí imeachtaí araíonachta a thionscnamh in aghaidh an gharda ar an mbonn gur theip air ní tromchúiseach a imscrúdú go tráthúil. D'admhaigh sé freisin nár choinnigh sé nótaí ar bith faoin imscrúdú ná faoin teagmháil a mhaígh sé a bhí aige leis an ngearánach.

Chuir an Garda Síochána imeachtaí araíonachta i bhfeidhm agus cuireadh smachtbhannaí ar an gcomhalta den Gharda Síochána.

Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna garda sárú araíonachta i ndáil le hiompar díchreidiúnach agus faillí i ndualgas tar éis gearán ó dhuine den phobal gur ghlac an garda páirt ghníomhach i ngníomhaíocht fóillíochta fad a bhí sé ar

dualgas agus go raibh feithicil oifigiúil á húsáid aige chun taisteal chuig imeachtaí nó seisiúin áirithe a bhain leis an ngníomhaíocht sin.

Tríd is tríd, líomhnaíodh gur ghlac sé páirt ghníomhach i ngníomhaíocht faoi leith fad a bhí sé ar dualgas ceithre huaire agus gur úsáid sé feithicil oifigiúil gan chead trí huaire. Líomhnaíodh freisin go raibh a arm tine oifigiúil ina sheilbh ag an ngarda fad a bhí sé ag glacadh páirte sa ghníomhaíocht.

I rith an imscrúdaithe araíonachta faoi mhaoirseacht, arna dhéanamh ag Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, dhearbhaigh oifigigh uachtaracha an gharda nach raibh cead tugtha dó taisteal chuig na láithreacha ar na dátaí a líomhnaíodh agus nach raibh cead aige feithicil oifigiúil a bheith leis.

D'admhaigh an garda gur fhreastail sé ar thrí cinn de na seisiúin ghníomhaíochta agus gur bhain sé úsáid mhícheart as feithicil neamhoifigiúil dhá uair. Luaigh sé gur fheithicil spártha a bhí inti, nach raibh de dhíth ag an am.

»

» Measadh gur iompar díchreidiúnach a bhí i gceist. Ar ócáid amháin, mhaígh sé gur fhreastail sé ar sheisiún le linn sos úrúcháin, cé nár inis sé dá oifigigh uachtaracha faoi. Iompar díchreidiúnach a bhí ansin freisin. Aimsíodh go ndearna an garda faillí i ndualgas toisc gur ghlac sé páirt sa ghníomhaíocht ar feadh trí uair an chloig fad a bhí sé ar dualgas. Mhol GSOC do Choimisinéir an Gharda Síochána imeachtaí araíonachta a thionscnamh. Cinneadh go ndearna an garda sárú ar na Rialacháin Araíonachta—trí chúiseamh in iompar díchreidiúnach agus cúiseamh amháin i bhfaillí i ndualgas. Cuireadh smachtbhanna i bhfeidhm air.

Níorbh ann d'fhianaise chun tacú leis an líomhain ón ngearánach go raibh a arm tine ina sheilbh ag an ngarda i rith na ghníomhaíochta fóillíochta.

Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna garda sárú ar dhá chúiseamh i bhfaillí i ndualgas agus ar dhá chúiseamh i mbréagacht agus seachantacht.

Rinne duine a thuairiscigh do na gardaí gur thug beirt fhear óga 'buille boise ar na mása di' gearán le GSOC nár imscrúdáíodh a tuairisc do na gardaí i gceart agus nár cuireadh an dul chun cinn ar an imscrúdú in iúl di.

Measadh an gearán a bheith inghlactha agus ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun imscrúdú a dhéanamh.

Dúirt an gearánach go raibh sí ag siúl síos an tsráid agus nuair a chuaigh sí thar bheirt fhear óga gur thug duine díobh buille boise ar na mása di. Chuaigh an gearánach chuig an stáisiún áitiúil an tráthnóna sin agus rinne sí gearán oifigiúil. Shainaithin sí duine den bheirt fhear óga (ní déantóir líomhnaithe na coire) ar dalta i scoil áitiúil a bhí ann agus thug sí grianghraf de don phríomhoide agus do na gardaí. Rinne an bhean teagmháil leis an stáisiún gardaí roinnt uaireanta chun an t-eolas ba dhéanaí a fháil agus d'inis an garda imscrúdaithe gur sainaithníodh an fear óg »

» D'inis garda di gur ceapadh Oifigeach Idirchaidrimh don Óige (JLO) agus gur tugadh 'dian-foláireamh' don fhear óg agus go bhfaigheadh sí glaoch ón JLO.

Rinne an bhean teagmháil leis an stáisiún gardaí an athair chun nuashonrú eile a fháil faoin JLO agus cuireadh in iúl di go raibh an garda imscrúdaithe ar saoire an tráth sin agus, dar leis an taifead PULSE, nár sainaithníodh an ciontóir.

Fuair an t-imscrúdú ar an ngearán le GSOC nach ndearna an garda taifead ar bith den ionsaí líomhnaithe ar PULSE go dtí ceithre mhí i ndiaidh an teagmhais. Theip ar an ngarda tabhairt faoi na deiseanna féideartha fiosrúcháin chun an fear óg a shainaithint, agus íospartach an ionsaithe a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe. Theip ar an ngarda freisin nótaí ar bith a ghlacadh faoin imscrúdú nó nóta a dhéanamh de dheiseanna

fiosrúcháin ar bith. Nuair a chuir an GSIO agallamh ar an ngarda, shéan an garda an cuntas a bhí tugtha ag an ngearánach.

Chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhannaí i bhfeidhm ar an gcomhalta den Gharda Síochána a fuarthas go ndearna sé/sí sárú ar na Rialacháin Araíonachta. Fuarthas go ndearna an comhalta dhá chúiseamh i bhfaillí i ndualgas i ndáil le cliseadh an teagmhais imscrúdú agus cliseadh an gearánach a choinneáil ar an eolas, agus dhá chúiseamh i mbréagacht agus seachantacht i ndáil le faisnéis mhíthreorach a thabhairt don duine den phobal a thuairiscigh an ní trí bhíthin a chur in iúl dóibh go raibh an ciontóir sainaitheanta agus foláireamh tugtha dó ag Oifigeach Idirchaidrimh don Óige. Cuireadh smachtbhanna airgeadais agus foláireamh i bhfeidhm.

Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna garda sárú araíonachta i ndáil le cliseadh gan cuntas ceart a thabhairt ar airgead nó maoín a fuarthas ina cháil mar chomhalta den Gharda Síochána. Líomhain bean go raibh suim airgid in easnamh óna sparán, a tugadh isteach chuig stáisiún gardaí agus ar tugadh ar ais di é ina dhiaidh sin. »

» Chaill an gearánach a sparán fad a bhí sí amuigh ag siúl sa pháirc áitiúil. Rinneadh roinnt glaonna ar a stáisiún áitiúil de chuid an Gharda Síochána lena fháil amach cibé ar aimsigh duine ar bith é agus ar fágadh isteach é, ach ní raibh maith ar bith ag na glaonna sin.

I ndiaidh roinnt seachtainí, labhair an gearánach le bean a bhí feicthe sa pháirc aici an lá ar chaill sí a sparán. Fuair sí amach gur aimsigh an bhean sin an sparán agus gur fhág sí isteach sa stáisiún gardaí é. Dhearbhaigh sí go raibh airgead ann nuair a d'fhág sí isteach é.

Chuaigh an bheirt bhan go dtí an stáisiún gardaí ansin agus d'fhiafraigh siad cá raibh an sparán. Ní rabhtas in ann é a aimsiú an t-am sin agus ní raibh aon taifead ar PULSE a thug le fios gur

fágadh an sparán isteach sa stáisiún.

Fuair an gearánach glooch ón stáisiún gardaí níos déanaí agus dúradh léi go raibh an sparán aimsithe acu. Tugadh ar ais di é ina dhiaidh sin. Fuair an gearánach go raibh méid beag airgid fós sa sparán ach go raibh suim níos mó ar iarraidh.

Rinne an gearánach gearán le GSOC ina dhiaidh sin, gur tógadh suim áirithe airgid as a sparán. Measadh an gearán a bheith inghlactha agus rinneadh imscrúdú coiriúil.

Fuarthas amach leis an imscrúdú GSOC gur iontráil an garda a ghlac seilbh ar an sparán i leabhar nótaí go raibh suim bheag airgid sa sparán nuair a fágadh isteach é. Theip ar an ngarda taifead ar bith a dhéanamh ar an gcóras PULSE agus theip air admháil a thaifeadadh agus a sholáthar de réir bheartas an Gharda Síochána, Córais Bhainistíochta Foilseán agus Maoine (PEMS). Luaigh an garda go raibh sé ar intinn aige an sparán a thabhairt ar ais agus é ar patról níos déanaí an lá sin, mar gheall gur aimsíodh seoladh sa sparán. Mar gheall gur chaith sé tráthnóna gnóthach ar patról, áfach, níor tharla sin. Chuir an garda an sparán i dtaisceadán agus rinne sé dearmad air ina dhiaidh sin. Níor cuimhin an garda ar an sparán go dtí gur chuir an gearánach agus an bhean eile ceist faoi ag an stáisiún. Tugadh an sparán ar ais don úinéir níos déanaí an lá sin. »

» I rith an imscrúdaithe, fuarthas cuntas ón duine a d'fhág isteach é, a lua go raibh suim áirithe airgid sa sparán. Ní raibh aon fhinné neamhspleách ann lena rá cá mhéad airgid a bhí sa sparán agus ní raibh aon taifeadadh CCTV den oifig phoiblí sa stáisiún gardaí. Sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) agus moladh di breithniú a dhéanamh ar chion contrártha d'alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. D'ordaigh an DPP gan an garda a ionchúiseamh.

Chinn GSOC leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú (faoi alt 95) mar sárú araíonachta féideartha. Fuair an t-imscrúdú sin fianaise

go bhféadfadh faillí i ndualgas a bheith i ngníomhartha an gharda, contrártha do Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána, i ndáil le cliseadh cuntas ceart a thabhairt ar aon airgead nó maoín a fuair sé ina cháil mar gharda. Cuireadh tuarascáil ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána inar sainaithníodh an fhianaise sin. Cinneadh go ndearna an garda sárú ar Rialacháin (Araíonachta) an Gharda Síochána 2007 i ndáil le faillí i ndualgas agus cuireadh smachtbhanna airgeadais i bhfeidhm air.

Achoimre ar chás

Cinneadh go ndearna comhalta den Gharda Síochána sárú ar na Rialacháin Araíonachta i ndáil le teachtaireachtaí míchuí a sheoladh do dhuine den phobal.

D'inis an gearánach do GSOC gur thug sí a huimhir ghutháin do na gardaí i ndáil le ní a thuairiscigh sí maidir le duine dá teaghlach. Sna laethanta ina dhiaidh sin, dúirt an gearánach go bhfuair sí teachtaireachtaí mealltacha agus míchuí ón ngarda ar tuairiscíodh an ní dó. Thug sé le fios di gur sheol sé na teachtaireachtaí faoi thionchar alcóil. Ina dhiaidh sin, sheol an garda grianghraf míchuí de féin chuig an mbean ar na meáin shóisialta. »

» D'inis an gearánach do GSOC gur inis sí don gharda éisteacht léi, ag an bpointe sin, agus gan dul i dteagmháil léi arís. Ní dheachaigh an garda i dteagmháil léi arís ina dhiaidh sin.

Thionscain GSOC imscrúdú coiriúil ar dtús (faoi alt 98 den Acht), ach nuair a fuarthas amach nach raibh teagmháil dhóthanach idir an garda agus an gearánach lena thabhairt le tuiscint gur tharla cion, lean GSOC ar aghaidh le himscrúdú neamhchoiriúil.

Nuair a cuireadh agallamh air, d'admhaigh an garda gur sheol sé na teachtaireachtaí agus dúirt gur earráid breithiúnais a bhí ann. Ba é toradh an imscrúdaithe, gur moladh imeachtaí

araíonachta a thionscnamh in aghaidh an gharda i ndáil le hiompar díchreidiúnach. Thionscain an Garda Síochána imeachtaí agus cuireadh smachtbhanna airgeadais ar an ngarda.

Achoimre ar chás

Sheol GSOC imscrúdú tar éis do dhuine gearán a dhéanamh gur iontráil gardaí baile an duine gan chúis, gur ionsaigh gardaí an duine, agus go ndearnadh damáiste nó gur scriosadh roinnt de mhaoín an duine mar thoradh ar ghníomhartha chomhaltaí den Gharda Síochána.

De bharr gur líomhain an duine gur iompar coiriúil a rinne gardaí—seachas sárúithe ar na rialacháin araíonachta—rinne oifigigh imscrúduithe GSOC imscrúdú coiriúil.

I rith an imscrúdaithe, bhí imscrúdaitheoirí GSOC in ann labhairt le roinnt finnétithe, nach comhaltaí den Gharda Síochána a bhí iontu, a raibh eolas acu faoin teagmhas as ar lean líomhaintí an ghearánaigh.

Tháinig sé chun solais gur chuir cara leis an ngearánach fios ar sheirbhísí éigeandála, an Garda Síochána ina measc, chun freastal ar bhaile an ghearánaigh, mar go raibh imní ag an duine sin faoin ngearánach.»

» Mar thoradh ar an imní sin, d'úsáid na gardaí forneart le dul isteach i mbaile an ghearánaigh, agus, de bharr imní faoi shábháilteacht an ghearánaigh agus daoine eile, chuir gardaí srian ar an ngearánach.

Níor aimsíodh aon sárú coiriúil féideartha ná sárú araíonachta ag comhaltaí den Gharda Síochána i dtuarascáil GSOC. Dhún GSOC an t-imscrúdú.

1.6.3 Torthaí na nImscrúduithe

Dúnadh 1,896 ghearán (ina raibh 3,038 líomhain) in 2019.

Díobh sin, rinneadh 1,210 gearán ina raibh 2,280 líomhain a glacadh agus a imscrúdaíodh (dúnadh an chuid eile tar éis cinntí inghlacthachta, tar éis dóibh a bheith tarraingthe siar roimh an gcinneadh inghlacthachta, nó de bharr cliseadh an ghearánaigh bheith rannpháirteach sa phróiseas).

Cé go raibh líomhain inghlactha amháin nó níos mó sa 1,210 gearán go léir, ba neamh-inghlactha a bhí 48 de na líomhaintí iontu, agus mar sin, ní dhearnadh iad a imscrúdú. San iomlán, imscrúdaíodh 2,232 líomhain agus déantar cur síos ar na torthaí i dTábla 1.

Tábla 1: Torthaí na ngearán a dúnadh sa bhliain 2019

Toradh/ Cúis	Míniú	An cineál imscrúdaithe i gceist	An líon líomhaintí
Scoireadh de - Ní raibh gá le himscrúdú eile nó ní raibh imscrúdú eile indéanta le réasún	Is é an cás is coitianta anseo ná go scoirtear d'imscrúdú toisc nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann lena gcruthaítear líomhain.	Gach cineál	1,334
Níor sainaithníodh aon sárú ar na Rialacháin Araíonachta	Imscrúdaíodh na líomhaintí agus aimsíodh gur mar ba cheart a ghníomhaigh an garda a ndearnadh gearán faoina iompar.	Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94 ²) nó ag GSOC (alt 95)	429
Tarraingíodh an líomhain siar	Chuir an duine a rinne an gearán a c(h)inneadh in iúl nach saothródh sé/sí é.	Gach cineál	237
Níor chomhoibrigh an gearánach	Theip ar an ngearánach obair i gcomhar leis an imscrúdú	Gach cineál	26
Sainaithníodh sárú ar Rialacháin Araíonachta agus cuireadh smachtbhanna i bhfeidhm	Féadfar roinnt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ag brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh (féach Tábla 2). Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána faoi na Rialacháin Araíonachta is ea an sárú ar leith agus aon smachtbhanna atá le cur i bhfeidhm a shainaithint.	Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95)	96
Níor sainaithníodh aon mhí-iompraíocht tar éis imscrúdú coiriúil	Is é an cás is coitianta anseo ná nach bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann lena gcruthaítear an líomhain/na líomhaintí a rinneadh.	Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98)	83
Níl feidhm ag Rialacháin an Gharda Síochána a thuilleadh	Chuaigh an garda is ábhar d'imscrúdú araíonachta ar scor nó d'éirigh sé as roimh an imscrúdú nó lena linn.	Imscrúdú araíonachta arna dhéanamh ag an nGarda Síochána (alt 94) nó ag GSOC (alt 95)	9
Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – Níor Ordaíodh Ionchúiseamh	Má tá fianaise ann go bhféadfadh go ndearnadh cion tar éis imscrúdú coiriúil, tarchuirfear an cás chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a dhéanfaidh an cinneadh ar ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh. I gcásanna áirithe, is féidir go ndéanfaidh an Coimisiún Ombudsman cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun trédhearcacht iomlán agus muinín an phobail a chinntiú. <i>(Féach tuilleadh sonraí i Rannán 5)</i>	Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98)	10
Tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – Ordaíodh Ionchúiseamh	Mar atá luaite thuas, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise, go n-ordóidh sé/sí ionchúiseamh agus cuirfear tús le triail <i>(Féach tuilleadh sonraí i Rannán 5)</i>	Imscrúdú coiriúil arna dhéanamh ag GSOC (alt 98)	8*

TORTHAÍ IOMLÁNA

2,232

* Is é atá san fhiigiúr seo ná tagairt don líon comhad, a d'eascair as gearáin, a seoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus ar ina leith a d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh. **Is féidir nár cuireadh an triail ar siúl sa bhliain 2019.**

²Imscrúduithe faoi mhaoirseacht nó imscrúduithe gan mhaoirseacht.

Cásanna a Scoirtear Díobh

Scoireann GSOC de líon ard imscrúduithe gach bliain ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta, scoirtear de chásanna toisc go gcinneann gearánach gan comhoibriú nó toisc go dtarraingíonn an gearánach an gearán siar. In amanna, déantar méid suntasach oibre trí ráitis a thógáil agus finnítithe a chur faoi agallamh ach níl aon fhianaise neamhspleách ann lena ndéanfaí an líomhain a chruthú nó a bhréagnú. Scoirtear de chásanna nuair a thagann sé chun solais nach bhfuil gá le himscrúdú eile nó nach bhfuil imscrúdú eile indéanta le réasún.

Áiríodh na himscrúduithe seo leis na himscrúduithe ar scoireadh díobh sa bhliain 2019:

- Fuair GSOC gearán tar éis gur líomhain fear gur stopadh agus gur cuardaíodh é 'gan chúis' agus gur bhris gardaí a theileafón. Measadh an gearán a bheith inghlactha agus tionscnaíodh imscrúdú coiriúil. Fuair imscrúdú GSOC amach gur stop gardaí an gearánach faoi alt 23 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus gur thit an teileafón i rith an chuardaigh agus gur briseadh an scáileán. Fuarthas an taifead sin ó chóras PULSE an Gharda Síochána. Rinne imscrúdaitheoir GSOC roinnt iarrachtaí gan mhaith chun teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach chun ráiteas faoin ngearán a fháil. Scoireadh den chás ina dhiaidh sin de bharr chliseadh bheith rannpháirteach ann.
- Coinníodh gearánach i gcillín ar feadh tréimhse ama i rith feidhmiú barántais i ndáil le cion tráchta bóthair. I rith an ama sin, d'iarr an garda ar an ngearánach míreanna seodra a bhaint de agus cuireadh iad sa Mhaoín. Líomhain an gearánach nár tugadh a sheodra ar ais dó nuair a bhí sé ag fágáil an stáisiúin. Fuair imscrúdú GSOC amach go raibh na míreanna seodra liostaithe sa chuid Maoine den taifead ar choimeád. Marcáladh na míreanna sa taifead ar choimeád mar a bheith tugtha ar ais don ghearánach, ach ní raibh aon taifead ar shíniú ón »

- » ngearánach. Rinne imscrúdaitheoir GSOC roinnt iarrachtaí ráiteas faoin ngearán a fháil ach dhiúltaigh an duine bheith rannpháirteach. Níorbh ann d'fhianaise neamhspleách chun tacú le ceachtar den dá insint ar ar tharla agus scoireadh den ghearán ar an mbonn sin.
- Tionscnaíodh imscrúdú coiriúil tar éis gur luaigh duine den phobal gur coimeádadh é go mícheart agus gur chuir gardaí iallach air freagracht as damáiste coiriúil a admháil. Fuair imscrúdú GSOC amach go raibh focail idir bheirt thiománaithe maidir le rochtain ar spás páirceála i gcarrchlós. Rinneadh damáiste do charr amháin le heochair ina dhiaidh sin. Gabhadh an gearánach de bhun na fianaise a bhí ar fáil. D'admhaigh sé an cion agus d'íoc sé cúiteamh don damáiste. Scoireadh den chás mar gheall nárbh ann d'fhianaise neamhspleách ná taifeadadh CCTV chun tacú le hinsint an ghearánaigh ar ar tharla.

Achoimre ar chás

Scoireadh de ghearán le GSOC ó dhuine a chaill mála láimhe agus a rinne go leor iarrachtaí é a fháil ar ais tar éis gur insíodh di gur tugadh chuig stáisiún gardaí é, tar éis gur theip ar imscrúdú céannacht an duine ar tugadh an mála dó i stáisiún gardaí a bhunú.

Mar sin féin, tharraing an ceannfort de chuid an Gharda Síochána a rinne imscrúdú ar an gcás thar ceann GSOC aird ar laigí sa chóras bainistithe maoine sa stáisiún gardaí i gceist. Fuair an gearánach roinnt de na nithe a bhí sa mhála ar ais freisin.

Dúirt an duine a rinne an gearán le GSOC gur chaill sí an mála láimhe in áit áirithe. »

» Roinnt seachtainí ina dhiaidh sin, fuair sí glaoch gutháin ó dhuine a chuala gur chaill sí mála láimhe agus a dúirt gur fhág sé an mála láimhe isteach i stáisiún garda ainmnithe an lá i ndiaidh an lá ar cailleadh é. Rinne an gearánach roinnt iarrachtaí an mhír a fháil ar ais ón stáisiún gardaí ach ní raibh aon taifead gur fágadh isteach é, de réir dealraimh.

Rinne an duine gearán le GSOC agus scríobh sí chuig an gceannfort áitiúil. Rinne ball foirne sibhialtach teagmháil léi ina dhiaidh sin, a chuir in iúl di gur caitheadh amach an mála mar gheall ar an mbail fhisiceach a bhí air ach go dtabharfaí an méid a bhí istigh ann, nach raibh damáiste déanta de, ar ais di. Rinne Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO), a ceapadh chun an gearán a rinneadh le GSOC a imscrúdú, iarracht teacht ar chéannacht an duine sa stáisiún gardaí a ghlac an mhír ón té a d'aimsigh í. Ní raibh an té a d'aimsigh í in ann a rá cibé an raibh nó nach raibh an bhean a ghlac uaidh í ag caitheamh éide, agus ní raibh sé in ann cur síos a dhéanamh uirthi. Fuair an GSIO amach nach ndearnadh taifead ar PULSE faoin mála láimhe a bheith fágtha isteach; chuir oibrí sibhialtach a chonaic an mála — nach raibh aon dhoiciméid chéannachta istigh ann — in aice le taisceadán maoine sa stáisiún agus leag isteach in oifig sáirsint é. Chaith an t-oibrí, nach raibh bealach aici/aige úinéir na míre a fháil amach, an mála amach, mála a tuairiscíodh a bheith sionchaite go maith, tar éis roinnt dá raibh istigh ann a bhaint amach.

Mhol an GSIO scoireadh den imscrúdú mar gheall nárbh fhéadfaí céannacht an duine a ghlac leis an mála ón duine a d'fhág isteach é, ná céannacht an gharda a labhair leis an ngearánach ina dhiaidh sin ach nach ndearna teagmháil léi arís, a dheimhniú.

Luaigh GSOC gur léir go raibh laigí sa chóras bainistithe maoine arna fheidhmiú sa stáisiún gardaí. Chuir an GSIO in iúl do GSOC gur labhair sé leis an gCeannfort ábhartha de chuid an Gharda Síochána faoin ábhar.

Achoimre ar chás

Tharraing duine siar gearán inar líomhnaíodh míchúirtéis ag comhalta den Gharda Síochána, mar go ndúirt an duine gur mhó an 'taithí dearfach' a bhí aige ag plé le gardaí maidir le ceist ábhartha ná an mhíchaoithiúlacht as a lean a ghearán.

Bhí gearán déanta ag an duine le GSOC gur ghlaoigh sé ar oifig de chuid an Gharda Síochána chun coinne a dhéanamh maidir le don NCT (an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán), agus go raibh an garda lenar labhair sé 'borb' leis agus gur inis sé dó go raibh air chur faoi deara an díoltóra carranna rud éigin a shíniú.

Rinne sé gearán le GSOC, ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) agus cuireadh tús le fiosrúchán. Tamall ina dhiaidh sin, scríobh an gearánach chuig ceannfort de chuid an Gharda Síochána agus dúirt gur réitíodh an cheist ar iarr sé cúnamh ina leith.

Mhol sé an ceannfort agus na comhaltaí de chuid an Gharda Síochána a raibh sé ag plé leo, dúirt ghur mhó an taithí dearfach a bhí aige ná an mhíchaoithiúlacht a thug air gearán a dhéanamh le GSOC agus dúirt gur mhian leis an gearán a tharraingt siar.

Achoimre ar chás

Scoireadh d'imscrúdú ar ghearán nuair a theip ar an ngearánach freagra a thabhairt ar roinnt litreacha inar iarradh air teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) a bhí ag imscrúdú a ghearáin.

Líomhnaíodh sa ghearán le GSOC nach ndearna gardaí teagmháil leis an ngearánach chun faisnéis a chreid sé a raibh sé i dteideal a fháil, a thabhairt dó. Gné neamhghnách den imscrúdú ná gur aistrigh an gearánach ón seoladh arbh é an chéad phointe teagmhála a bhí ag GSOC dó, ach cé gurbh eol don Roinn Coimirce Sóisialaí a sheoladh nua, de bharr nár

bhain an t-imscrúdú le ní coiriúil, bhí cosc ar an Roinn faoi RGCS an seoladh a thabhairt don GSIO.

Fuair GSOC seoladh nua an duine amach ina dhiaidh sin, ach cé go ndearnadh teagmháil leis an athuair, theip ar an duine caidreamh a bheith aige leis an GSIO agus scoireadh den ní.

Achoimre ar chás

Rinne tiománaí, a bhuail a carr in aghaidh fheithicil eile a chuaigh isteach i ndíog de bharr sioc ar an mbóthar, gearán le GSOC. Líomhain an duine gur fhág gardaí láthair na tionóisce bunaidh gan rabhadh ar bith a thabhairt do thiománaithe a bhí ag druidim leis an láthair faoi na dálaí bóthair ná go raibh feithicil ar tharla imbhualadh di ar thaobh an bóthair.

Dúirt an gearánach go bhfaca sí carr de chuid an Gharda Síochána ag taisteal ar an mbóthar tamall beag sular tharla an t-imbhualadh di.

Ceapadh Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIO) chun an líomhain maidir le faillí i ndualgas a imscrúdú. Fuair an GSIO amach cérbh iad na gardaí a bhí ar dualgas sa cheantar, ar ceantar tuaithe go príomha é, inar tharla an t-imbhualadh bóthair 11 mhí sula ndearnadh an gearán le GSOC. Tógadh ráitis ó na gardaí agus breithníodh taifid PULSE. »

Fuair an GSIO amach gur lorg gardaí sa cheantar cúnamh ó stáisiún gardaí eile chun déileáil le roinnt imbhuailtí bóthair amhail an tráth a bhí i gceist. Fuarthas gurbh é an garda a d'fhreagair an glaoch faoi imbhualadh an ghearánaigh an chéad gharda a d'fhreastail ar an láthair sin—níor fhreastail an carr de chuid an Gharda Síochána a thuairiscigh an gearánach a bheith feicthe aici tamall beag roimh an teagmhas ina raibh baint aici ar an láthair sin; bhí sé ag freagairt do ghlaoch eile.

Mhol an GSIO go scoirfí den imscrúdú. Ní raibh an ceart ag an ngearánach nuair a chreid sí go raibh an carr de chuid an Gharda Síochána a chonaic sí ag fágáil láthair na feithicle lena raibh imbhualadh aici tamall beag ina dhiaidh sin. Thug an GSIO ar aird freisin go ndúirt an gearánach ina ráiteas go raibh sí ar an eolas faoi na droch-dhálaí tiomána sular tharla an t-imbhualadh.

Scoireadh den imscrúdú faoi alt 93.

Athbhreithnithe ar Imscrúduithe Araíonachta

Má tá gearánach míshásta leis an toradh ar imscrúdú gan mhaoirseacht a rinne ceannfort de chuid an Gharda Síochána, foráiltear le halt 94(10) den Acht go bhféadfaidh sé a iarraidh go ndéanadh oifigeach de chuid GSOC athbhreithniú ar an ní. Is é an ról atá ag GSOC sna hathbhreithnithe sin a fháil amach an raibh an t-imscrúdú cuimsitheach go leor agus an raibh an toradh cuí air.

Níl an chumhacht ag GSOC cinneadh nua a chur in ionad an chinnidh ná an toraidh. Tugann GSOC tuarascáil do Choimisinéir an Gharda Síochána i gcásanna ina dtagann ábhair imní chun cinn faoin dóigh a ndearnadh imscrúdú agus/nó faoin dóigh ar thángthas ar thoradh an imscrúdaithe. Ós rud é gur cuireadh an próiseas araíonachta i gcrích sna cásanna sin, ní fhéadfar an cás a athoscailt ná an toradh a athrú. Táthar dóchasach go gcuirfidh an t-aiseolas le laghdú ar shaincheisteanna den chineál céanna in imscrúduithe sa todhchaí.

Fuair GSOC **52** iarraidh ar athbhreithniú sa bhliain 2019 (i dtaca le himscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019 nó i mblianta eile). Díobh sin, cuireadh **40** ceann i gcrích faoi dheireadh na bliana agus bhí **12** ar oscailt fós.

Smachtbhannaí

I gcás gurb amhlaidh in imscrúdú a dhéanann an Garda Síochána faoi alt 94 (imscrúdú faoi mhaoirseacht nó imscrúdú gan mhaoirseacht) nó in imscrúdú a dhéanann GSOC faoi alt 95 go n-aimsítear fianaise á léiriú go bhféadadh go ndearna garda sárú ar na Rialacháin Araíonachta, déanann an Garda Síochána cinneadh ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú. Féadfar roinnt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, ag

brath ar a thromchúisí atá an sárú a aimsíodh. Is faoi Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Is leagtha amach i dTábla 2 atá na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2019 tar éis cinntí go ndearnadh sárú araíonachta.

Tábla 2: Smachtbhannaí a chuir Coimisinéir an Gharda Síochána i bhfeidhm in 2019, tar éis imscrúduithe araíonachta

Smachtbhanna	Líon
Tugadh comhairle	21
Gearradh fíneáil	17
Tugadh rabhadh	8
Tugadh foláireamh	13
Tugadh iomardú	5
Rinneadh laghdú ar phá nár mhó ná pá 2 sheachtain	30
Rinneadh laghdú ar phá nár mhó ná pá 4 seachtaine	2
IOMLÁN NA SMACHTBHANNAÍ	96

Mar aon leis na torthaí thuas, ar thorthaí iad a bhain le hiompar gardaí aonair, tarraingíodh aird in imscrúduithe áirithe ar chásanna ina bhféadfadh gur eascair an fhadhb as saincheist shistéamach nó bhainistíochta, seachas iompar duine aonair. D’fhone an líon gearán den chineál sin a thiocfadh aníos sa todhchaí a laghdú, nó d’fhone deireadh a chur leo, seoladh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána roinnt moltaí i dtaca le beartais agus/nó le cleachtais – féach **Rannán 6** chun sonraí a fháil.

1.6.4 An tAm a Tógadh chun Cásanna a Dhúnadh

Sa bhliain 2019 laghdaigh GSOC an t-am a thóg sé chun cásanna a dhúnadh i roinnt imscrúduithe. In imscrúduithe eile, áfach, go háirithe imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht agus cinn gan mhaoirseacht, bhí méadú ar an am a thóg sé. Tá GSOC tiomanta d’fheabhas a chur ar an am a thógann sé chun imscrúduithe a dhúnadh/a chur i

gcrích. Léirítear i gCairt 6 an t-am airmheánach a tógadh chun cásanna a dhúnadh de réir a gcineáil faoi dheireadh na bliana 2019.

Imscrúduithe Coiriúla

Ag deireadh na bliana 2019, ba é **140** lá an t-am airmheánach a tógadh chun imscrúduithe coiriúla a dhúnadh, laghdú 7 lá ar an bhfigiúr do 2018.

Bíonn imscrúduithe coiriúla faoi réir próiseas athbhreithnithe, rud a bhfuil bearta caighdeánacha rialaithe i gceist leis. Mar chuid den phróiseas sin, déanann Oifigigh Shinsearacha Imscrúduithe athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt ar feadh 60 lá agus déanann an Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí athbhreithniú foirmiúil ar chásanna atá ar oscailt ar feadh 90 lá. Cuirtear cásanna atá ar oscailt ar feadh 120 lá faoi bhráid an Stiúrthóra Oibríochtaí le haghaidh cinntí cuí. Ag an am céanna, tá cásanna a rangáitear go bhfuil líomhain an-tromchúiseach i gceist iontu ina n-ábhar d’athbhreithniú a dhéanann an Stiúrthóir Oibríochtaí agus an Coimisiún Ombudsman gach dhá mhí.

Imscrúduithe Araíonachta gan Mhaoirseacht

Is iad Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána (GSIONna) a dhéanann imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht. Ba é **279** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin ag deireadh na bliana 2019, méadú 11 lá ar an bhfigiúr do 2018. Go dtí an bhliain 2018 bhí feabhas leantach ann a d’fhág gur tháinig laghdú beagnach dhá mhí ar an bhfad airmheánach sna trí bliana roimhe sin.

Imscrúduithe Araíonachta faoi Mhaoirseacht


Is iad Oifigigh Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána, faoi mhaoirseacht ag oifigigh imscrúduithe de chuid GSOC, a dhéanann imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht. De réir na bPrótacal, ní mór imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht a chur i gcrích agus tuarascáil imscrúdaithe a chur ar fáil ina leith laistigh de 20 seachtain/140 lá. Ba é **332** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin sa bhliain 2019, méadú 51 lá don bhfigiúr do 2018.

Imscrúdú Neamhchoiriúil arna dhéanamh ag

GSOC

Faoi alt 95 den Acht, féadfaidh imscrúdaitheoirí Ombudsman an Gharda Síochána é féin tabhairt faoi imscrúduithe neamhchoiriúla arna ndéanamh ag GSOC. Ba é **290** lá fad airmheánach na n-imscrúduithe sin.

Cairt 6: An t-am a tógadh chun imscrúduithe a dhúnadh (laethanta)




RANNÁN 2: IMSCRÚDUI THE NEAMHSPLEÁCHA TAR ÉIS BÁIS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH

2.1 TARCHUIR ÓN nGARDA SÍOCHÁNA FAOI ALT 102(1)

Foráiltear don mhéid seo a leanas le halt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005: "Tarchuirfidh Coimisinéir an Gharda Síochána chuig an gCoimisiún Ombudsman aon ní a fheictear do Choimisinéir an Gharda Síochána a léiriú go bhféadfadh go raibh iompar comhalta den Gharda Síochána ina chúis le bás duine nó le díobháil thromchúiseach a dhéanamh do dhuine" [aistriúchán neamhoifigiúil].

Fuair GSOC **40** tarchur faoin alt seo sa bhliain 2019, i gcomparáid le 38 sa bhliain 2018, agus 24 sa bhliain 2017. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu as a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

Cairt 7: Cúinsí taobh thiar de na Tarchuir




An dóigh a n-imscrúdaíonn GSOC nithe faoi alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ní.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ní, de réir cúinsí. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht ar thaobh garda. Ar an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an DPP.

Cairt 8: Cineálacha Imscrúdaithe i dTarchuir (An Líon Iomlán Tarchur a Fuarthas: 40)



Ba le básanna a bhain sé cinn déag de na tarchuir a fuarthas sa bhliain 2019. Díobh sin, bhain sé bhás le ceithre theagmhas tráchta ar bhóithre.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh

“ar Shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin”.

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht a bheith ag Íospartaigh.

Ós rud é gurb é GSOC a dhéanann imscrúduithe den sórt sin, comhlíontar an ceanglas maidir le neamhspleáchas. Bíonn aird againn ar sheasamh leis na ceithre phrionsabal eile freisin. Tá baint dhíreach ag rannpháirtíocht a bheith ag íospartaigh leis an obair a dhéanann GSOC chun cloí leis an reachtaíocht ina leagtar amach na cearta atá ag íospartaigh na coireachta.

Achoimre ar chás

Thionscain Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú araíonachta faoi alt 95 tar éis gur bhásaigh fear go luath i ndiaidh dó é a chur faoi choimeád i stáisiún gardaí. Tosaíodh an t-imscrúdú i ndiaidh do cheannfort den Gharda Síochána tarchur a dhéanamh chuig GSOC.

Fuair an t-imscrúdú go bhfuarthas glaoch 999 ó dhuine den phobal a chonaic seanfhear a thit agus a bhuail a cheann. Tháinig otharcharr ar an láthair agus fuair measúnú gur bhain cneá dó ar chúl a chinn. Rinneadh iarrachtaí é a thabhairt chuig an ospidéal le go gcuirfí cóireáil air ach dhiúltaigh sé. Tugadh chuig an stáisiún gardaí ansin é.

D’impigh na gardaí ar an bhfear arís freastal ar an ospidéal le go gcuirfí cóireáil air ach dhiúltaigh sé. Gabháladh é ansin faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 agus faoi alt 25 den Acht um Cheadúnú Deochanna Meisciúla, 1974 agus tugadh é ón otharcharr go dtí an stáisiún gardaí.

»

» I rith dó a bheith faoi choimeád, tugadh é óna chillín go dtí oifig an chomhalta i gceannas, áit ar fágadh ina luí ar an talamh é ar feadh tréimhse ama. Tháinig tiománaí tacsáí chun é a thabhairt abhaile, ach nuair a chonaic sé an bhail a bhí ar an bhfear gortaithe, dhiúltaigh sé é a thabhairt abhaile agus dúirt ‘teastaíonn freastal liachta ón bhfear seo’. Cuireadh an fear ar ais ina chillín sa stáisiún gardaí. Níos déanaí an tráthnóna sin, chuaigh comhalta nua i gceannas ar dualgas. Roinnt ama ina dhiaidh sin, seiceáladh na cillíní agus bhí deacracht ag an ngarda an fear a mhúscailt. Glaodh ar otharcharr ansin agus tugadh an fear chuig an ospidéal, áit ar bhfuair sé bás níos déanaí.


Fuarthas roinnt neamhréireachtaí i rith an imscrúdaithe idir, ar thaobh amháin, na cuntais ón ngarda agus é ag múscailt an fhir agus an méid a taifeadadh sa taifead ar choimeád, agus ar an taobh eile, an taifeadadh ón CCTV a raibh radharc aige ar na cillíní.

Moladh i dtuarascáil GSOC ar an imscrúdú, a seoladh chuig an nGarda Coimisinéir, go dtionscnófaí imeachtaí araíonachta in aghaidh cheathrar chomhaltaí den Gharda Síochána, beirt sháirsintí maoirseachta ina measc, mar gheall gur theip orthu treoirt agus ordú éifeachtach a sholáthar, de réir dealraimh. Bunaíodh bord fiosrúcháin i dtaca leis an gceathrar chomhaltaí den Gharda Síochána go léir. Cinneadh nach ndearna an beirt sháirsintí sárú ar Rialacháin (Araíonachta) an Gharda Síochána 2007.


Cinneadh go ndearna garda amháin sárú ar na rialacháin maidir le dhá chúiseamh i bhfaillí i ndualgas.

Léirítear sna léarscáileanna thíos dáileadh geografach na dtarchur a rinne an Garda Síochána sa bhliain 2019.

Léarscáil 3: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a áireamh)



Léarscáil 4: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána – Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath



NB. Tá an líon iomlán sna léarscáileanna thuas beagán níos airde ná an líon iomlán tarchur (40) mar gheall go raibh gardaí as níos mó ná rannán amháin rannpháirteach i líon beag tarchur.

2.1.2 Torthaí na n-imscrúduithe tar éis tarchur

Tábla 3: Cineálacha imscrúdaithe agus na torthaí a bhí orthu (imscrúduithe a dúnadh in 2019)

Cineál agus Toradh an Imscrúdaithe	Cásanna
Dúnadh an cás tar éis don scrúdú tosaigh a léiriú nach raibh aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht a raibh garda ina c(h)úis léi.	15
Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh aon fhianaise ar mhí-iompraíocht a raibh garda ina c(h)úis léi – ní dhearnadh aon ghníomh breise.	7
Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é – Ní bhaineann Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána leis an gcomhalta a thuilleadh.	1
Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é – chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm.	1
Rinneadh imscrúdú neamhchoiriúil agus cuireadh i gcrích é – níor chuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna i bhfeidhm.	1
Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é. Níor aimsíodh fianaise leordhóthanach ar mhí-iompar coiriúil a raibh garda ina c(h)úis leis – ní dhearnadh aon ghníomh breise.	4
Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – ordaíodh ionchúiseamh.	2
Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh.	0
Scoireadh den chás de bharr easpa comhoibrithe ag an bpáirtí díobhálaíthe agus mar nach raibh aon saincheisteanna imní eile ann.	1
IOMLÁN	32

RANNÁN 3: IMSCRÚDUI THE CHUN LEAS AN PHOBAIL

De bhreis ar fhoráil a dhéanamh do nithe a bheith á dtarchur chuig GSOC ag Coimisinéir an Gharda Síochána, foráiltear le halt 102 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, d'imscrúduithe a dhéanamh chun leas an phobail, fiú i gcásanna nach bhfuil gearán ná tarchur arna dhéanamh ag Coimisinéir an Gharda Síochána iontu.

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tÚdarás Póilíneachta iarraidh ar GSOC nithe áirithe a imscrúdú. Chomh maith leis sin, féadfaidh siad iarraidh ar GSOC a bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart dó ní a imscrúdú.

Féadfaidh GSOC a chinneadh freisin go ndéanfaidh sé imscrúduithe i gcásanna nach bhfuil gearáin ná tarchuir iontu.

Foráiltear don mhéid seo a leanas le halt 102(4) den Acht:

"Féadfaidh an Coimisiún Ombudsman, má fheictear dó é a bheith inmhianaithe chun leas an phobail déanamh amhlaidh agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar aon ní a fheictear dó a léiriú go bhféadfadh -

- a) go ndearna comhalta den Gharda Síochána cion, nó*
- b) gur iompair comhalta den Gharda Síochána ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta" [aistriúchán neamhoifigiúil].*

Luaitear in alt 102 (5) freisin:

"Féadfaidh an tAire, más cuí leis nó léi déanamh amhlaidh chun leas an phobail, iarraidh ar an gCoimisiún Ombudsman imscrúdú a dhéanamh ar aon ní is cúis le hábhar imní go bhféadfadh go ndearna comhalta den Gharda Síochána aon rud dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus déanfaidh an Coimisiún imscrúdú ar an ní" [aistriúchán neamhoifigiúil]

De bhreis air sin, féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta iarraidh ar GSOC nithe a imscrúdú chun leas an phobail agus féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire araon ní a tharchur chuig GSOC chun go mbreithneodh an Coimisiún

Ombudsman cé acu ba cheart nó nár cheart dó é a imscrúdú chun leas an phobail.

Sa bhliain 2019, rinne an tÚdarás Póilíneachta an chéad tarchur faoi alt 102 (7), agus tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an ní a tarchuireadh, chinn GSOC imscrúdú faoi alt 102 (4) a oscailt chun leas an phobail. Osclaíodh daichead a ceathair (44) imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail sa bhliain 2019 agus dúnadh 15.

Osclaíodh imscrúduithe chun leas an phobail de bhun tuairiscí sna meáin maidir le mí-iompar líomhnaithe ag gardaí. Sa chás gur chuir duine den phobal nó an Garda Síochána na nithe ar ábhar thuairiscí sna meáin iad in iúl do GSOC, d'fhéadfadh imscrúduithe a bheith oscailte cheana. Sa chás nár thuairiscigh duine den phobal ná an Garda Síochána an mí-iompar líomhnaithe, déanann na Coimisinéirí an fhaisnéis atá ar fáil i ngach cás a athbhreithniú. Dá bharr sin, tháinig ardú ar líon na n-imscrúduithe chun leas an phobail a osclaíodh sa bhliain 2019.

Déantar cur síos gairid anseo ar roinnt de na himscrúduithe chun leas an phobail a d'oscail GSOC in 2019:

- Fuair Ombudsman an Gharda Síochána tarchur ó Cheannfort de chuid an Gharda Síochána i ndiaidh gur tháinig taom ar dhuine a bhí faoi choimeád. I rith an imscrúdaithe, tháinig GSOC ar neamhréireachtaí, de réir dealraimh, idir an taifead coimeádta i scríbhinn sa stáisiún gardaí inar coimeádadh an duine an oíche roimh an taom, agus an méid a taifeadadh ar CCTV. Bhain na neamhréireachtaí leis an líon uaireanta a sheiceáil gardaí an duine i rith na hoíche. Chinn an Coimisiún imscrúdú chun leas an phobail faoi cibé ar iompair nó nár iompair comhalta den Gharda Síochána é/í féin ar bhealach a thabharfadh údar le himeachtaí araíonachta. Tá an t-imscrúdú fós ar siúl.
- Thionscain An Coimisiún Ombudsman imscrúdú chun leas an phobail de bhun tuairiscí sna meáin go raibh tús curtha le fiosrúchán inmheánach sa Gharda Síochána ar líomhaintí gur sheol garda sinsearach teachtaireachtaí téacs mí-oiriúnacha do bhall foirne mná. Ní bhfuair

an Coimisiún gearán ná fógra faoin iompar líomhnaithe. Dhealraigh sé freisin, cé go ndearnadh imscrúdú araíonachta, nár léir an ndearnadh imscrúdú coiriúil. Tháinig an Coimisiún ar an tátal gur cheart imscrúdú chun leas an phobail a thionscnamh, mar gur dhealraigh sé go bhféadfadh cion coiriúil bheith déanta. Tá an t-imscrúdú fós ar siúl.

- Thionscain An Coimisiún Ombudsman imscrúdú chun leas an phobail de bhun faisnéis a fuarthas faoi bhás duine a bhí faoi choimeád ag na gardaí ar feadh tréimhse sular tugadh an duine go dtí an príosún, áit a ndearnadh an duine lámh a chur ina bhás féin agus a bhfuair sé/sí bás roinnt laethanta ina dhiaidh sin. Gabhadh an duine de bhun barántais binse agus cuireadh faoi choimeád an duine i stáisiún gardaí. Thug na gardaí an duine chuig ospidéal tar éis dó/di féindochar a dhéanamh agus tugadh chuig príosún é/í ina dhiaidh sin. Chinn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána imscrúdú chun leas an phobail a oscailt chun scrúdú a dhéanamh ar cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon gardaí a ndualgas chun staid mheabhrach an phríosúnaigh a chur in iúl d'fhoireann an phríosúin. Tá an t-imscrúdú fós ar siúl.

Faoi alt 102(5) d'Acht an Gharda Síochána, d'iarr an tAire ar GSOC imscrúdú chun leas an phobail a dhéanamh ar 21 chás a d'eascair as an IRM. Osclaíodh deich gcinn de na himscrúduithe sa bhliain 2015 agus osclaíodh 11 cheann díobh sa bhliain 2016. Den 21 imscrúdú a fuarthas, bhí trí cinn ar oscailt fós ag deireadh 2019.

AN MHEICNÍOCHT ATHBHREITHNITHE NEAMHSPLEÁCH

De bhreis orthu sin thuas, ba ar oscailt fós ag deireadh na bliana 2019 a bhí trí imscrúdú a tháinig chuig GSOC ón Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM).

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhí ann sa bhliain 2014 an IRM. Bhí sé mar chuspóir ag an Meicníocht breithniú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar gardaí agus ar laigí agus líomhaintí den sórt sin á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bunaíodh painéal a chuimsigh beirt abhcóidí sinsearacha agus cúigear abhcóidí sóisearacha chun líomhaintí a athbhreithniú.

RANNÁN 4: AN TIONSCNAMH IDIRGHABHÁLA ÁITIÚLA

RÉAMHRÁ

Is éard atá in Idirghabháil Áitiúil (LI), próiseas lenar féidir gearáin arna ndéanamh ag an bpobal le GSOC faoin tseirbhís a fuair siad ón nGarda Síochána a réiteach ar leibhéal áitiúil. Sa próiseas (a dtugtar cur síos air sa phainéal thíos) déanann cigirí ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an duine a rinne an gearán, faigheann amach cad iad na saincheistanna ina leith, agus féachann leis an scéal a réiteach chun sástacht an ghearánaigh.

Próiseas sách nua é chun gearáin faoi sheirbhís ó na gardaí a réiteach. Bhí GSOC sa tóir le fada an lá ar bhealach chun nithe a réiteach go tapa gan dul tríd an nós imeachta imscrúdaithe iomlán. Tugadh réiteach áitiúil isteach tar éis don Gharda Síochána togra faoi phróiseas den sórt sin a chur faoi bhráid GSOC ag deireadh 2017.

Ba é cúla an togra Idirghabháil Áitiúil an tuiscint—ag GSOC agus ag an nGarda Síochána—go raibh na meicníochtaí a bhí ann chun déileáil le gearáin faoi, mar shampla, míchúirtéis, gan glaoch ar ais ar dhaoine, nó moill le daoine a choinneáil ar an eolas faoi imscrúduithe, míshásúil do ghearánaigh agus gur dhócha go gcuirfidís strus suntasach ar chomhaltaí den Gharda Síochána.

Faoin reachtaíocht reatha, is éard a bheadh i gceist le gearán le GSOC faoi ní neamhchoiriúil, ar é a bheith measta mar inghlactha ag GSOC, go gceapfaí Ceannfort de chuid an Gharda Síochána, le cúnamh ó chigire de chuid an Gharda Síochána go minic, chun an ní a imscrúdú. Is dócha go mbeadh ar an duine a rinne an gearán agus ar an ngarda a ndearnadh an gearán ina leith fanacht naoi mí nó níos mó le go gcuirfí an t-imscrúdú i gcrích. Ós rud é nach bhféadfadh an t-imscrúdú aghaidh a thabhairt ar ní ar bith seachas ar cibé an raibh nó nach raibh mí-iompar ann (sárú ar na Rialacháin Araíonachta) ó thaobh an gharda, ní dócha go réiteofaí nó go leigheasfaí an tsaincheist as a d'eascair an gearán chun sástacht an ghearánaigh.

Osclaíonn GSOC na céadta imscrúdú gach bliain ar líomhaintí faoi mhí chúirtéis agus faoi fhaillí 'íseal-leibhéil' i ndualgas (mar shampla, cliseadh ag comhaltaí den Gharda Síochána maidir le daoine a choinneáil ar an eolas faoi imscrúduithe),

ar imscrúduithe iad ar gá do GSOC agus don Gharda Síochána acmhainní móra a leithdháileadh orthu.

Cuireadh tús le scéim phiolótach Idirghabháil Áitiúil i mBaile Átha Cliath go luath in 2018 agus leathnaíodh í amach chuig an Réigiún Thoir Theas—Ceatharlach/Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Port Láirge agus Loch Garman—níos déanaí sa bhliain. Faoi mhí Lúnasa 2019 bhí an scéim rollta amach ar fud na tíre.

Is éard is aidhm leis an bpróiseas, sástacht a bhaint amach do ghearánaigh atá míshásta leis an leibhéal seirbhíse a fhaigheann siad ón nGarda Síochána. Aidhm atá chomh tábhachtach céanna is ea deis a thabhairt do bhainistíocht an Gharda Síochána faireachán a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus í a fheabhsú.

Croílár an phróisis ar fad is ea go n-aontaíonn an gearánach páirt a ghlacadh sa phróiseas. Ní fhéadfaí tabhairt faoi aon idirghabháil áitiúil gan an comhaontú sin. Gné ríthábhachtach eile atá i saintréithe pearsanta an chigire de chuid an Gharda Síochána a ainmnítear mar an gcigire ainmnithe i ngach rannán. Sular rolladh LI amach sna rannáin éagsúla, d'fhreastail na cigirí ar mhodúl oiliúna/tús eolais arna sholáthar ag Aonad Gnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána. Bhí GSOC i láthair freisin

An tSlí a nOibríonn Sé

Tabhair ar aird: Maidir le gach cás a fhaigheann GSOC, is mar 'cheistean' a thaifeadtar iad ar dtús ar an gCóras Bainistíochta Cásanna. Ní dhéantar na cásanna sin a uasghrádú ina ngearáin go dtí go mbeidh faisnéis dhóthanach ar fáil lena gcumasófar do GSOC a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cás inghlactha, is é sin, a chinneadh cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an gearán na critéir a leagtar amach sa reachtaíocht, le go ndéanfaí é a imscrúdú. Baineann an próiseas Idirghabháil Áitiúil le gearáin atá ar an gcéim 'ceiste', is é sin, sula ndéantar iad a mheas le haghaidh inghlacthachta.

- Nuair a fhaigheann GSOC gearán, cinneann GSOC cibé an bhfuil nó nach bhfuil an ní oiriúnach le haghaidh idirghabháil áitiúil. Mar a luadh cheana, ní mheastar ach saincheisteanna ar leibhéal seirbhíse, amhail gearáin den chineál míchúirtéis nó faillí i ndualgas íseal-leibhéil, le haghaidh idirghabháil áitiúil. Áirítear orthu sin:
 - Droch-cháilíocht nó droch-chaighdeán seirbhíse curtha ar fáil
 - Seirbhís neamhéifeachtúil nó gan seirbhís curtha ar fáil
 - Míbhéas/míchúirtéis/mímhúineadh
 - Gan freagra a thabhairt ar chumarsáid
- Má tá an tsaincheist oiriúnach don phróiseas seo, déanann GSOC teagmháil leis an duine a dhéanann an gearán, míníonn an próiseas Idirghabháil Áitiúil dóibh agus iarrann orthu toiliú a thabhairt an ní a réiteach ar an tslí sin.
- Má thugann an gearánach toiliú, tarchuireann GSOC an ní chuig cigire ainmnithe den Gharda Síochána a bhainistíonn an próiseas thar ceann an Gharda Síochána. (Mura dtugann an duine toiliú, déanfaidh GSOC cinneadh faoi cibé an gcuirfear nó nach gcuirfear an líomhain ar aghaidh lena himscrúdú de réir na gcritéar agus na bpróiseas a ndéantar cur síos orthu i Rannán 1 den tuarascáil seo.)
- Déanann an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an ngearánach ar an teileafón chun na gníomhartha nó torthaí atá á lorg aige/aici a shainaithint. Labhraíonn an cigire de chuid an Gharda Síochána leis an gcomhaltaí ábhartha den Gharda Síochána ansin chun a bhféadfadh a bheith mar chúis leis an gceist a fhiosrú. **Ní bhaineann an próiseas seo le milleán a chur—baineann sé le dul i ngleic leis an gceist a ardaíodh agus foghlaim ón**

méid a tharla d'fhonn atarlú a chosc.

Déanann an cigire teagmháil leis an ngearánach arís chun an gníomh a ndearnadh chun dul i ngleic leis an ní a chur in iúl. Má tá an gearánach sásta leis an bhfreagra, cuireann an cigire de chuid an Gharda Síochána é sin in iúl do GSOC agus deimhníonn GSOC leis an ngearánach go bhfuil sé/sí sásta. Dúnann GSOC an comhad ansin. Mura n-éiríonn leis na hiarrachtaí chun an ní a réiteach trí Idirghabháil Áitiúil, tarchuirtear an gearánach ar ais chuig GSOC, a chinneann ansin cibé ar chóir nó nár chóir an ní a chur ar aghaidh le haghaidh imscrúdaithe.

Tábla 4: Torthaí faoin bPróiseas Idirghabháil Áitiúil 2019

Idirghabháil Áitiúil 2019	Líon cásanna
Tarchurtha ag GSOC le haghaidh Idirghabháil Áitiúil	237
Réitithe/dúnta i ndiaidh an phróisis Idirghabháil Áitiúil	119
Tarchurtha ar ais chuig GSOC le haghaidh chinneadh inghlacthachta	58
Fós ag cigire de chuid an Gharda Síochána ag deireadh 2019	60

As an 58 a seoladh ar ais le haghaidh chinneadh inghlacthachta:

- cinneadh gurbh neamh-inghlactha 9 gcinn
- bhí cinneadh fós le tabhairt faoi 11 ag deireadh 2019
- glacadh le 38 agus cuireadh ar aghaidh iad lena n-imscrúdú

TIONCHAR

Meastar gur thar a bheith dearfach é gur réitíodh nó gur dúnadh 50 faoin gcéad (119 as 237) de ghearáin i ndiaidh an phróisis idirghabháil áitiúil. Ó thaobh na ngearánach, is mó dóchúil gur tugadh aghaidh ar a ngearáin go tapa agus gur réitíodh go sásúil iad ná mar a tharlódh murab

ann d'idirghabháil áitiúil. Tá impleachtaí móra ann do GSOC agus don Gharda Síochána freisin, ó thaobh acmhainní de. Is é an cineál imscrúdaithe a dtugtar faoi de ghnáth i gcás gearán den chineál seirbhíse—na nithe arna gclúdach ag idirghabháil áitiúil—ná imscrúdú faoi alt 94 (1) den Acht. Leis sin, déanann GSOC an gearán a thaifeadadh, ceaptar ceannfort de chuid an Gharda Síochána chun é a imscrúdú, agus tuairiscítear torthaí an imscrúdaithe ar ais chuig GSOC. Tá na huaireanta oibre i gceist leis sin, i gcaitheamh míonna nó blianta, uaireanta, ag ceannfort nó cigire de chuid an Gharda Síochána a dhéanann an t-imscrúdú thar ceann GSOC. Cuirtear brú ar na baill foirne de chuid GSOC atá freagrach as an bpróiseas gearán a bhainistiú.

Cé nach féidir an laghdú suntasach ar an líon imscrúduithe faoi alt 94(1) a d'oscail GSOC in 2019—405 in 2019, síos ó 598 in 2018—a lua go deifínídeach le rolladh amach náisiúnta Idirghabháil Áitiúil, tá nasc láidir idir an dá rud.

Bhí an líon gearán a d'oscail GSOC in 2019 níos ísle, go follasach, ná mar ab amhlaidh sna blianta roimhe sin—1,756 ghearán a osclaíodh in 2019, síos ó 1,921 in 2018 agus 1,949 in 2017. Ach ós rud é gur tháinig ardú 14 faoin gcéad ar an líon fiosruithe a fuarthas—teagmháil ón bpobal ina dtugtar le fios gur mian leo gearán a dhéanamh—cé gur tháinig laghdú ar an líon gearán, tugtar le tuiscint go bhfuil an fháil ar idirghabháil áitiúil freagrach, ar a laghad i bpáirt, as an laghdú ar an líon gearán.

I measc na gcásanna a réitíodh trí bhíthin Idirghabháil Áitiúil in 2019 bhí:

- Chomhaontaigh duine, a raibh air/uirthi dul chun na cúirte roinnt uaireanta mar gheall gur theip ar gharda déileáil i gceart le Fógra Pionóis Muirear Seasta (FCPN) neamhbhailí a chealú, an ní a shocrú trí bhíthin idirghabháil áitiúil. Bhual cigire de chuid an Gharda Síochána leis an duine, ghabh leithscéal as an méid a tharla, agus gheall don duine go míneofaí don gharda sin —agus do chomhaltaí eile—na nósanna imeachta cearta chun plé le FCPNanna nár chóir a bheith eisithe. Bhí an duine sásta leis sin agus dúradh an cás.
- Chomhaontaigh duine, nár éirigh leis na costais d'fhinné a raibh teidlíocht aige orthu

a fháil, i ndiaidh dó freastal ar chás cúirte dhá bhliain roimhe sin, a bheith páirteach in idirghabháil. Dúirt an duine nár thug na gardaí a raibh baint acu leis an gcás cúnamh dó na costais a éileamh. Rinne an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an duine agus leis an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána agus thug tuairisc do GSOC ceithre seachtaine tar éis thús an phróisis idirghabháil áitiúil. Dúirt an cigire go raibh costais an duine á bpróiseáil. Íacadh na costais tamall beag ina dhiaidh sin agus thuairiscigh an duine do GSOC go raibh sé sásta leis an toradh agus go ndúnfaí an cás.

RANNÁN 5: GNÍOMHAÍOCHT DLÍ TAR ÉIS IMSCRÚDUI THE COIRIÚLA.

Déanann GSOC imscrúduithe coiriúla tar éis gearáin (a ndéantar cur síos orthu i rannán 1) agus tarchuir (a ndéantar cur síos orthu i rannán 2) a fháil ón nGarda Síochána agus ó dhaoine eile. Sa bhreis air sin, féadfaidh GSOC, má dhealraítear gur chun leas an phobail a bheadh sé, agus gan gearán a fháil, imscrúdú a dhéanamh ar ní ar bith sa chás go measann an Coimisiún go bhféadfadh go ndearna comhalta den Gharda Síochána cion nó gur iompair sé/sí ar bhealach a dtabharfadh údar le himeachtaí araíonachta.

Ar an imscrúdú coiriúil a chur i gcrích, sa chás go bhfuil an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh gur cion atá in iompar an chomhalta nó na gcomhaltaí faoi imscrúdú, ní mór do GSOC comhad a sheoladh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Seolann GSOC comhaid chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith i dteagmháil le gardaí, d'fhonn a oibleagáidí faoi Airteagal 2¹ den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí freisin sa chás go gcinneann Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána gur chun leas an phobail é comhad a sheoladh.

Faoi alt 110 den Acht, is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i ndáil le gearán nó imscrúdú, cibé acu comhalta nó sibhialtach a dhéanadh sin. Ní féidir ionchúiseamh den sórt sin a thionscain gan toiliú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.²

I ngach cás, is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneann cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

COMHAID A SEOLADH CHUIG AN

- ¹ Faoi Airteagal 2, cuirtear oibleagáid ar an Stát, trína ngníomhairí, staonadh ó bheith ina chúis le díothú beatha agus cuirtear dualgas ar an Stát básanna amhrasacha a imscrúdú. Luaitear ann gur láidre an dualgas chun imscrúdú a dhéanamh sa chás gur tharla an bás fad a bhí an duine faoi choimeád ag an Stát. Sa chás go mbíonn feidhm le hAirteagal 2, ní mór d'ionchúisitheoir an cinneadh a dhéanamh.
- ² Alt 110(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ

Sa bhliain 2019, sheol GSOC 23 chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí tar éis imscrúdú coiriúil ag imscrúdaitheoirí GSOC. Ag eascairt as na comhaid sin:

- tugadh 5 ordú go ndéanfaí ionchúiseamh
- tugadh 14 ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh
- bhí 4 chinneadh ar feitheamh ag deireadh 2019

Sa bhreis air sin, rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cúig chinneadh in 2019 ar chomhaid a bhí ar feitheamh ag deireadh 2018— tugadh dhá ordú go ndéanfaí ionchúiseamh agus trí ordú nach ndéanfaí ionchúiseamh.

Tugadh orduithe go ndéanfaí ionchúiseamh sna cásanna seo a leanas:

- Cúiseamh amháin as ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) in aghaidh bheirt chomhaltaí den Gharda Síochána.
- Cionta contrártha d'alt 110 d'Acht an Gharda Síochána 2005 in aghaidh beirte (nach comhaltaí den Gharda Síochána iad).
- Cúiseamh amháin as ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) agus cúiseamh amháin as ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 in aghaidh chomhalta den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 in aghaidh chomhalta den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as tiomáint neamhaireach contrártha d'alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú (cúiseamh achomair agus sin amháin) in aghaidh chomhalta den Gharda Síochána.
- Cionta faoi alt 62 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 in aghaidh chomhalta den Gharda

Síochána (faoi alt 62, cuirtear toirmeasc ar fhaisnéis áirithe a nochtadh).

- Dhá chúiseamh as ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 in aghaidh chomhalta den Gharda Síochána.

CÁSANNA A CINNEADH SA CHÚIRT SA BHLIAIN 2019

- Rinneadh cion contrártha d'alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 a dhíbhe ar thoiliú i leith chomhalta den Gharda Síochána agus rinneadh cúiseamh as ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a dhíbhe ar ordú.
- Rinneadh cúiseanna in aghaidh bheirt ghardaí (cúis amháin ag gach duine díobh) as ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a dhíbhe tar éis an cás a éisteacht.
- Ciontaíodh comhalta den Gharda Síochána i dtiomáint neamhaireach (contrártha d'alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961) agus gearradh fíneáil €250 air/uirthi.
- Ciontaíodh gearánach (nach comhalta den Gharda Síochána a bhí i gceist) i gcúiseamh amháin as cion contrártha d'alt 12 den Acht um an Dlí Coiriúil 1976 agus gearradh fíneáil €800 air/uirthi. (déantar cur síos ar an gcion in alt 12 mar thuairisc nó ráiteas bréige a chuirfeadh i gcéill cion a bheith déanta a thabhairt go feasach).
- Fuarthas comhalta den Gharda Síochána ciontach in ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997. Bhí an phianbhreith le tabhairt in 2020.
- Ciontaíodh comhalta den Gharda Síochána in ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 agus éigiontaíodh é/i i ndamáiste coiriúil contrártha d'alt 2 den Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991. Bhí an phianbhreith le tabhairt in 2020.
- Phléigh triail choiriúil le líomhain maidir le hionsaí gnéasach i ndiaidh imscrúdú ag GSOC. Chiontaigh giúiré comhalta den

Gharda Síochána agus gearradh tréimhse príosúnachta. Tá achomharc déanta in aghaidh an chiontaithe.

Achoimre ar chás

Rine ceannfort de chuid an Gharda Síochána tarchur chuig GSOC faoi alt 102 (1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 tar éis do bhean, a ndearnadh díobháil mharfach di nuair a bhuail feithicil mharcáilte de chuid an Gharda Síochána í, bás a fháil.

Chuir GSOC tús le himscrúdú neamhspleách de bhun an tarchuir. Fuair an t-imscrúdú amach go raibh gardaí ag freagairt d'aláram práinne ag stáisiún seirbhíse tráth an teagmhais. Luadh i gcuntais ó ghardaí gur cuireadh soilse agus bonnán i bhfeidhm sa charr. Bhí an bhean ag dul trasna an bhóthair agus bhí an cosán ar an taobh eile beagnach bainte amach aici nuair a buaileadh í ag an bhfeithicil de chuid an Gharda Síochána a bhí ag taisteal ar ardluas. »

» Dúirt finnétithe nár úsáid an coisí an trasrian coisithe ach go raibh sí le feiceáil go soiléir ar an mbóthar ós rud é nach raibh aon trácht eile ann. Bhí fianaise ag teacht salach ar a chéile faoi cibé an raibh nó nach raibh an bonnán ar an gcarr de chuid an Gharda Síochána i bhfeidhm.

Tar éis a imscrúdú, sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) a d'ordaigh go ndéanfaí tiománaí an chairr de chuid an Gharda Síochána a ionchúiseamh i leith tiomána contúirtí contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú.

Mhair an triail roimh ghiúiré roinnt laethanta. Tugadh roinnt cuntas ar an imbhuailtú tráchta ar an mbóthar. Chiontaigh an giúiré an garda le fíoras tromlaigh de thiomáint neamhaireach is trúig bháis. Gearradh pianbhreith ceithre bliana ar fionraí ar an ngarda agus ordaíodh dó/di fíneáil €2,000 a íoc, chomh maith le €5,000 a íoc leis an Irish Road Victims Association.

Achoimre ar chás

Rinneadh gearán, inar líomhnaíodh gur ionsaigh garda duine, leis an nGarda Síochána agus cuireadh ar aghaidh chuig GSOC é de réir alt 85. Dúirt an gearánach gur gabhadh í féin agus a páirtí agus gur tugadh os comhair cúirte iad. D'fhág an gearánach an chúirt agus rinne sí iarracht dul isteach inti arís. Luaigh an gearánach gur inis garda di nach raibh cead aici dul isteach sa chúirt arís, agus gur rug an garda uirthi ansin agus gur bhrúigh sé/sí síos roinnt céimeanna le fórsa í. »

» Cinneadh an gearán a bheith inghlactha agus tionscnaíodh imscrúdú coiriúil.

Tugadh cuireadh don chomhalta den Gharda Síochána arbh ábhar don ghearán é/í freastal ar agallamh deonach le GSOC i ndiaidh foláireamh a fháil ach dhiúltaigh an garda, mar a bhí sé/sí i dteideal a dhéanamh.

Sheol GSOC comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), ós rud é go bhféadfadh gur ionsaí, contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997, a bhí san úsáid fórsa sna cúinsí a ndearnadh cur síos orthu.

D'ordaigh an DPP nach ndéanfaí an comhalta den Gharda Síochána a ionchúiseamh. Smaoiníodh ar ghníomh araíonachta a chur i bhfeidhm, ach ós rud é go ndeachaigh an comhalta den Gharda Síochána ar scor i rith an imscrúdaithe coiriúil, ní raibh feidhm a thuilleadh leis na Rialacháin Araíonachta.

Cásanna a bhí ar feitheamh os comhair na cúirte ag deireadh 2019

- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúisimh i dtiomáint chontúirteach is trúig bháis, i gcliseadh maidir leis an bhfeithicil a choinneáil ar an láthair contrártha d'alt 106(1)(b) agus d'alt (3)(aa) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, agus i gcliseadh maidir le cúnamh a thairiscint contrártha d'alt 106 (aa) agus d'alt (3)(aa) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961.

- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúisimh in ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997, i dtiomáint chontúirteach contrártha d'alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, in úsáid feithicle nach bhfuil mótarcháin i bhfeidhm ina leith contrártha d'alt 13(1) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1920, agus i gcliseadh maidir le diosca cánach a thaispeáint contrártha d'alt 73(1) den Acht Airgeadais, 1976.
- Bhí garda ina (h)ábhar do chúisimh i dtiomáint neamhaireach contrártha d'alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú arna leasú (cúiseamh achomair agus sin amháin).
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúisimh in ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.
- Cúisíodh comhalta den Gharda Síochána in dhá chúiseamh in ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh contrártha d'alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.
- Bhí comhalta den Gharda Síochána ina (h)ábhar do chúisimh i gcionta faoi alt 62 d'Acht an Gharda Síochána 2005 (faoi alt 62 cuirtear cosc ar fhaisnéis áirithe a nochtadh).
- Tá beirt (nach comhaltaí den Gharda Síochána iad) cúisithe i gcionta contrártha d'alt 110 d'Acht an Gharda Síochána 2005 (pléitear in alt 110 le faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach do GSOC).
- Tá beirt chomhaltaí den Gharda Síochána cúisithe in ionsaí contrártha d'alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin).

Fianaise á nochtadh don chosaint ag neamh-pháirtí

An 11 Meitheamh 2019, rinne GSOC agus An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Prótacal athbhreithnithe dar teideal Fianaise á Nochtadh don Chosaint ag Neamh-Pháirtí in Imeachtaí Coiriúla nach bhfuil comhad seolta ag GSOC chuig an DPP mar chuid díobh [aistriúchán neamhoifigiúil].

Bíonn feidhm leis an bPrótacal sa chás go bhfaigheann GSOC gearán i ndáil leis an teagmhas atá ina ábhar d'ionchúiseamh ar leithligh chomh maith de bhun imscrúdú an Gharda Síochána.

Is féidir iarratais ar nochtadh neamh-pháirtí a dhéanamh go díreach chuig GSOC. Tá an fhaisnéis a theastaíonn ó GSOC chun iarratas den sórt sin a phróiseáil le fáil ar láithreán gréasáin GSOC. Tá cóip den Phrótacal maidir le Nochtadh Neamh-Pháirtí le fáil ar an láithreán gréasáin freisin ag: <https://www.gardaombudsman.ie/about-gsoc/non-party-disclosure/>

Ón 11 Meitheamh 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019, phróiseáil GSOC **30** comhad maidir le Nochtadh Neamh-Pháirtí.

RANNÁN 6: EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS PÓILÍNEACHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Le linn a gcuid imscrúduithe, tarlaíonn sé ó am go ham go dtagann imscrúdaitheoirí de chuid GSOC ar chleachtais agus saincheisteanna áirithe a gcreideann GSOC gur gá aird lucht bainistíochta an Gharda Síochána a tharraingt orthu. Is le saincheisteanna sistéamacha nó bainistíochta, seachas le hiompraíocht daoine aonair, a bhaineann na cleachtais agus na saincheisteanna atá leagtha amach anseo. Creideann an Coimisiún Ombudsman gur gné thábhachtach den fhorghaoirseacht is ea aird a

tharraingt ar shaincheisteanna sistéamacha agus bainistíochta nuair a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh chun a chinntiú nach dtarlóidh teagmhais den chineál céanna arís.

Tá freagraí an Gharda Síochána ar na moltaí sa Tábla thíos agus, seachas sa chás go luaitear a mhalairt, cuireadh ar fáil iad i nuashonrú ón Oifig Claochlú Straitéiseach, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, i gcomhfhreagras a fuarthas an 6 Bealtaine 2020.

Tábla 5: Moltaí a rinneadh don Gharda Síochána sa bhliain 2019

	Ábhar ginearálta	Ábhar sonrach	Moladh agus freagra
SR1	Comhaltaí den Gharda Síochána sa chúirt	Teistiméireachtaí á gcur ar fáil ag comhaltaí i gcáil phríobháideach	Rinne GSOC imscrúdú ar líomhain gur theip ar ghardaí agus ar TUSLA gníomh leordhóthanach tar éis go ndearnadh gearán faoi mhí-úsáid ghnéasach i gcoinne mionaoisigh. I rith an imscrúdaithe, fuarthas amach gur chuir duine a bhí ag fónamh mar chomhalta den Gharda Síochána teistiméireacht ar fáil mar thacú leis an gcosantóir tráth a thríail. De bharr nádúr na líomhaintí, measann an Coimisiún nach cuí é do chomhaltaí den Gharda Síochána teistiméireachtaí mar sin a chur ar fáil i gcáil phríobháideach. D’fhéadfadh dearcadh diúltach a bheith ag an bpobal ar na teistiméireachtaí sin a bheith á gcur ar fáil. Aithníonn an Coimisiún, áfach, nach ann do chiorclán nó treoir ón gCeanncheathrú chuig comhaltaí maidir le srian ar chomhaltaí ó thaobh teistiméireachtaí a chur ar fáil. <i>Moladh eisithe ag GSOC an 31 Iúil 2019</i> Mhol GSOC treoir a eisiúint chuig comhaltaí maidir le teistiméireachtaí a chur ar fáil i gcáil phríobháideach. Freagra: chuir an tAonad um Rialachas agus Comhordú Beartais in iúl go mbaineann na treoir reatha faoi chód leis an gcás seo maidir le teistiméireachtaí a chur ar fáil i gcáil phríobháideach. An sliocht ábhartha [aistriúchán neamhoifigiúil]: <i>Cód an Gharda Síochána 47.5 — ‘Comhfhreagras ó dhaoine príobháideacha’</i> <i>(2) Ní dhéanfaidh comhaltaí, ach amháin sa chás go gceadaítear a mhalairt, faisnéis a chur ar fáil do dhaoine maidir le carachtar, measúlacht nó staid airgeadais duine ar bith</i> <i>(3) Is ón Leas-Choimisinéir, Coireacht agus Slándáil, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, a gheofar an ceadú dá dtagraítear i bhfo-alt (2)</i>

	Ábhar ginearálta	Ábhar sonrach	Moladh agus freagra
SR2	Urghabháil ar mhaoín	Taifid a choimeád i ndáil le maoín arna hurghabháil	Mar chuid d'imscrúdú a rinne an Garda Síochána, urghabhadh maoín ó bhaile an ghearánaigh. D'éascaigh an Garda Síochána scrúdú ar mhír áirithe maoine ag saineolaí neamhspleách. Nuair a bhí sé in am an mhaoín a thabhairt ar ais don ghearánach, fuarthas amach go raibh cuid den mhír mhaoine bainte di. Ní dhearna an Garda Síochána imscrúdú ar bith lena fháil amach cathain ar baineadh amach an chuid den mhaoín, ná cé a bhain amach í. Rinne GSOC athbhreithniú ar an imscrúdú ar iarratas ón ngearánach, agus d'iarr GSOC ina dhiaidh sin go ndéanfadh Coimisinéir an Gharda Síochána athbhreithniú foirmiúil ar an imscrúdú.

Moladh eisiithe ag GSOC an 24 Meán Fómhair 2019

Mhol GSOC:

- 1. Gur chóir taifead fótagrafach den mhaoín a choimeád nuair a thógtar í lena stóráil agus nuair a thugtar ar ais don úinéir í d'fhonn an bhail atá ar an maoín a fhíorú.**

Freagra: Cuireadh an moladh sin ar aghaidh chuig an úinéir beartais áirithe, Leas-Choimisinéir Oibríochtaí Speisialta Coireachta agus táthar ag fanacht ar fhreagra uaidh. Tá an Oifig Claoclú Straitéiseach, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, chun beart leantach a dhéanamh ina leith.

- 2. Sa chás go mbaineann an Gharda Síochána an mhaoín ó chéile nó go bhfostaítear conraitheoir seachtrach chun an mhaoín a scrúdú, ba chóir taifead den scrúdú a choimeád agus nóta a dhéanamh faoin mbail atá ar an mír tar éis a scrúdaithe.**

Freagra: Eisíodh Treoir ón gCeanncheathrú maidir le Bainistíocht Foilseán agus Maoine (PEMS) an 27 Samhain 2019 agus áiríodh ann doiciméad Beartais agus Nósanna Imeachta ina leagtar síos oibleagáidí an Gharda Síochána i ndáil le maoín a chosaint agus, nuair is cuí, í a thabhairt ar ais don úinéir dlisteanach. Tháinig sin in áit an Lámhleabhair Beartais agus Nósanna Imeachta PEMS a bhí ann roimhe. Measann an Garda Síochána go bhfuil an moladh sin curtha i bhfeidhm.

- 3. Ba chóir don Gharda Síochána nóta a thaifeadadh agus admháil a thabhairt maidir leis an maoín go léir a urghabhtar nó a ghéilltear.**

Freagra: Tá an treoir arna lua thuas ábhartha i ndáil

Ábhar ginearálta	Ábhar sonrach	Moladh agus freagra
		leis an moladh seo freisin agus, dá bharr sin, measann an Gharda Síochána go bhfuil an moladh sin curtha i bhfeidhm.
SR3 Cláir Chomhfhreagrais	Cláir Chomhfhreagrais Teistiméireachtaí	D'iarr an gearánach sa chás seo teistiméireacht teastas dea-chlú ó stáisiún gardaí in Eanáir 2019. Bhí sé thar lear ag an am agus seoladh sraith ríomhphost maidir le hearráidí a rinneadh agus an teistiméireacht ábhartha á cur ar fáil dó. Mar chuid den imscrúdú, fuarthas na ríomhphoist agus an clár comhfhreagrais ábhartha. Fuarthas amach gur úsáideadh clár comhfhreagrais, a úsáideadh roimhe sin agus a cruthaíodh in 2016 d'iarratas a rinne an gearánach roimhe sin, don iarratas nua, in áit chlár comhfhreagrais nua a chruthú. Chinn an t-imscrúdú gur earráid chórais a tharla agus nach bhféadfaí freagracht a shannadh ar aon duine amháin. <i>Moltaí eisithe ag GSOC an 8 Iúil 2019</i> Mhol GSOC: Ba chóir cláir chomhfhreagrais nua a chruthú nuair a fhaightear comhfhreagras nua – d'fhéadfadh sáruithe sonraí tarlú ach cláir ó iarrataí roimhe sin a úsáid, nó comhfhreagras a sheoladh chuig an seoladh mícheart. Freagra: Cuireadh an moladh sin ar aghaidh chuig an úinéir beartais ábhartha, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Tacaíocht Feidhmiúcháin agus Seirbhísí Corparáideacha, atá ag breithniú faoi láthair ar an ngníomh cuí a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar an moladh seo. Leanfaidh an OCS* de mhonatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis seo agus coinneoidh GSOC ar an eolas ina leith. Ba chóir don Gharda Síochána smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis in Oifigí Ceantair lena chinntiú go sannfar freagracht ar dhuine aonair as iarratais a phróiseáil, agus go mbeifear ina ann baill foirne aonair a choinneáil cuntasach astu. Freagra: Maidir leis an tsaincheist áirithe as a d'eascair an moladh seo, eadhon gur seoladh ríomhphost gan síniú chuig an ngearánach, déantar foráil i dTreoir ón gCeanncheathrú 056/2019 (an doiciméad nósanna imeachta faoi 'Úsáid Inghlactha a bhaint as TFC'), a eisíodh chuig an eagraíocht an 12 Samhain 2019: <i>"Tá toirmeasc ar litreacha slabhracha, ríomhphoist gan ainm nó ríomhphoist le hainm bréige a sheoladh</i>

*Oifig Claohlú Straitéiseach

Ábhar ginearálta	Ábhar sonrach	Moladh agus freagra
		<i>ó chuntas poist ar bith de chuid an Gharda Síochána.”</i> <i>[aistriúchán neamhoifigiúil]</i> Tá breithniú á dhéanamh faoi láthair ar threoir bhreise lena n-ordófar, táthar ag moladh, nach mór go mbeifear in ann údar gach comhfhreagrais a shainaithint. Tá úinéir beartais i ndáil le Teastais Dea-Chlú sainaitheanta anois. Breithneoidh an duine sin cibé an bhfuil aon ghníomh breise de dhíth chun an moladh seo a chur i bhfeidhm go hiomlán. Leanfaidh an OCS de mhonatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis seo agus coinneoidh GSOC ar an eolas ina leith. 3. Ba chóir don Gharda Síochána smaoineamh ar a threoirlinnte maidir le tuairisciú sáruihte sonraí a ath-leithdháileadh ar fhoirne Oifigí Ceantair. Freagra: Maidir leis an moladh seo, chuir an tAonad um Chosaint Sonraí in iúl go bhfuil sraith imeachtaí ar bun chun feasacht a ardú ar chosaint sonraí ar feadh na heagraíochta, lena n-áirítear sáruihte sonraí. Áirítear ar an ardú feasachta sin oiliúint agus cuir i láthair ag cruinnithe bainistíochta rannáin agus i gColáiste an Gharda Síochána. Ina theannta sin, tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Treoir ón gCeanncheathrú 95/2012 agus ar Chód Cleachtais an Gharda Síochána maidir le Cosaint Sonraí, agus scaipfear iad chomh luath agus is féidir.
SR4 Cumarsáid le hÍospartaigh na Coireachta	Freagracht as Íospartaigh na coireachta a choinneáil ar an eolas	Rinne GSOC imscrúdú ar líomhain maidir le faillí arna déanamh ag comhalta de chuid an Gharda Síochána sa tsli ar imscrúdaigh an comhalta sin gearán faoi iarracht ionsaithe ghnéasaigh. Líomhain an gearánach go ndearna an comhalta de chuid an Gharda Síochána faillí freisin nuair a theip air/uirthe teagmháil a dhéanamh léi agus í a choinneáil ar an eolas faoin gcás, cé gur gheall an garda go ndéanfadh sé/sí é sin. Fuair GSOC go ndearna an t-oifigeach imscrúdaithe gach líomhain a imscrúdú go hiomlán agus gur thug aghaidh orthu. Mar sin féin, fuarthas go raibh easpa soiléir cumarsáide san imscrúdú de chuid an Gharda Síochána, idir an t-oifigeach imscrúduithe, an tOifigeach Idirchaidrimh don Óige agus an gearánach, agus mar thoradh air sin gur lig na páirtithe go léir freagracht as an ngearánach a choinneáil ar an eolas tharstu. Léiríodh le himscrúdú GSOC bearna ó thaobh gearánach a choinneáil ar an eolas, i nithe coiriúla, sa chás go bhfuiltear ag smaoineamh ar an gClár Athstíúrtha Ógánach a fheidhmiú do leanbh arna chúiseamh.

Moladh eisithe ag GSOC an 11 Nollaig 2019

Mhol GSOC:

Go bhfeidhmeodh an Gharda Síochána beartas um Cumarsáid le hÍospartaigh na Coireachta chun treoir a chur ar fáil do chomhaltaí de chuid an Gharda Síochána agus imscrúdú á tharchur nó á thabhairt ar láimh do chomhalta nó d'oifig eile de chuid an Gharda Síochána. Ba chóir go n-áireofar sa tabhairt ar láimh sin comhdháil cáis idir comhaltaí de chuid an Gharda Síochána agus páirtithe ábhartha. Ba chóir straitéis faoi dhaoine a choinneáil ar an eolas a chur i bhfeidhm d'íospartaigh na coireachta agus freagracht as an íospartach a choinneáil ar an eolas a shannadh go soiléir ar chomhalta sonrach de chuid an Gharda Síochána.

Fuarthas litir admhála dar dáta an 22 Eanáir 2020

SR5 Airm thine a iompar

Airm thine a iompar go sábháilte agus iad ag taisteal i bhfeithiclí

Rinne GSOC imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail maidir le caillteanas sealadach arm tine ó fheithicil de chuid an Gharda Síochána i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Fuair imscrúdú GSOC gur thit arm tine as búit charr gardaí gan mharcáil i ndiaidh don bhúit oscailt fad a bhí an fheithicil ag gluaiseacht. Fuarthas le linn an imscrúdaithe gur cuireadh an mála ina raibh an t-arm tine i mbúit an chairr agus nach raibh bealach ar bith chun an mála a dhaigniú sa bhúit.

Seoladh moladh an 16 Aibreán 2019

Mhol GSOC:

Go mbreithneofaí bealach níos sláine chun airm thine a iompar i bhfeithiclí. Mhol sé freisin smaoineamh ar threoir/ordú a thabhairt do na comhaltaí go léir maidir leis an tslí a bhfuil airm thine le hiompar i bhfeithiclí de chuid an Gharda Síochána ar bhealach a bheidh slán do ghardaí agus don phobal.

Fuarthas litir admhála an 21 Meitheamh 2019

RANNÁN 7: NOCHTADH COSANTA

Mar ab amhlaidh sna blianta roimhe seo, faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá ceanglas ar gach comhlacht poiblí Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an gníomh ar tugadh faoi (más infheidhme). Ní féidir go mbeadh mar thoradh ar an tuarascáil sin go mbeifeá in ann daoine a dhéanann nochtadh a shainaithint.

Is é seo an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil den chineál sin ó GSOC agus cuimsítear inti an tréimhse 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019.

RIAR CÁSANNA ROIMHE SEO

Rinneadh 24 nochtadh le GSOC faoi ailt 7 agus 8 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse arna cuimsiú ag tuarascáil 2018.

Mar sin, ba 36 an líon iomlán imscrúduithe a bhí ann i rith na tréimhse tuairiscithe 2018 agus bogadh na nochtaí sin go dtí an bhliain féilire 2019. Fuarthas 31 nochtadh breise i rith 2019, rud a d'fhág gur 67 an líon iomlán a bhí ann i rith na tréimhse tuairiscithe 2019.

CÁSANNA 2019

Sa bhliain 2019, scoireadh de dhá nochtadh faoi alt 93 d'Acht an Gharda Síochána 2005, i ndiaidh imscrúdaithe. Féadtar scor d'imscrúdú sa chás nach bhfuil sé riachtanach nó indéanta le réasún dul ar aghaidh le nochtadh a imscrúdú tar éis faisnéis a bheith faighte nó fianaise a bheith bailithe i rith an phróisis imscrúdaithe nó sa chás go dtarraingíonn an té a rinne an nochtadh siar ón bpróiseas.

Ní dheachaigh seacht nochtadh a fuarthas sa bhliain 2019 thar an gcéim measúnaithe. Is féidir leis sin tarlú ar chúiseanna éagsúla, amhail sa chás go dtarraingíonn an té a rinne an nochtadh siar ón bpróiseas agus/nó sa chás go stopann sé/sí de bheith páirteach ann. Féadfaidh sin tarlú sa chás go gcinneann an té a rinne an nochtadh a (h) iarrachtaí a dhíriú ar phróisis inmheánacha nó sheachtracha eile atá ar fáil dóibh. Sa bhreis air sin, sa chás go gcuireann an nochtadh faisnéis anaithnid nó faisnéis ar athrá ar fáil, gan deis foinse na faisnéise a aimsiú, nó sa chás go bhfuil faisnéis sa nochtadh maidir le nithe nach bhfuil cumhachtaí reachtúla imscrúdaithe ag GSOC ina leith, ní féidir dul níos faide leis.

Sa bhliain 2019, seoladh dhá chomhad imscrúdaithe chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), agus bhíothas ag fanacht ar an toradh orthu ag deireadh 2019. Ina theannta sin, cuireadh tuairisc amháin ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 97 d'Acht an Gharda Síochána 2005, maidir le nithe a bhain le Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána. Bhíothas ag fanacht le toradh na tuairisce sin ag deireadh na bliana.

Bhí measúnú imscrúdaitheach agus imscrúdú fós á ndéanamh ar an 55 nochtadh eile suas go dtí deireadh 2019.

ACMHAINNÍ DON AONAD

I Márta agus Aibreán 2019, sannadh na himscrúdaitheoirí lánaimseartha deireanach de chuid GSOC don Aonad um Nochtadh Cosanta (PDU) nua de chuid GSOC i ndiaidh bunú an aonaid agus comórtais a reáchtáladh go poiblí. I ndiaidh tréimse oiliúna agus forbartha, thosaigh na himscrúdaitheoirí sin ar an tasc lánaimseartha de scrúduithe agus imscrúduithe a dhéanamh ar nithe a fuarthas faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, i gcomhar lena gcomhghleacaithe san aonad. Bhí an PDU comhdhéanta d'Oifigeach Imscrúduithe Sinsearach agus ochtar Oifigeach Imscrúduithe sa bhliain 2019.

Tá oiliúint déanta ag comhaltaí GSOC i réimse na reachtaíochta um nochtadh cosanta. D'fhreastail beirt chomhaltaí sinsearacha den fhoireann ar Scoil Dlí Sutherland, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath sa bhliain 2019 agus thug siad oiliúint sa réimse sin chun críche. Bronnadh teastais ghairmiúla sa dlí ar an mbeirt ar an oiliúint a chríochnú dóibh. Rinneadh oiliúint eile san aonad san fhóiréinsic, i láimhseáil fianaise, in agallóireacht imscrúdaitheach, i gcosaint sonraí, i gcosaint leanaí agus rinneadh staidéar ar an dlí coiriúil agus cleachtas le Dlí-Chumann na hÉireann.

Ar cuireadh a fháil, tháinig GSOC chun bheith ina comhalta den Network of European Integrity and Whistleblowing Authorities (NEIWA), agus is é GSOC an t-aon chomhalta Éireannach ann. Is é an cuspóir atá le NEIWA, eintitis phoiblí a thabhairt le chéile, a bhfuil de chúram orthu sceithirí a chosaint agus/nó tuairiscí sceithirí a láimhseáil agus a imscrúdú.

Tá sé aitheanta ag NEIWA, trí bhíthin gealltanas comhordaithe idir institiúidí Eorpacha a n-eispéiris phraiticiúla ó thaobh déileáil le nochtaí faoi reachtaíochtaí náisiúnta éagsúla a roinnt, go gcabhrófar le gach Ballstát córas cosanta éifeachtach a bhunú chun sábháilteacht sceithirí a chinntiú, gníomh leantach leordhóthanach a dhéanamh maidir le tuairiscí sceithirí, agus éagóir sa todhchaí a chosc.

Nochtadh Cosanta i bhFigiúirí:

- **36** idir lámha ag deireadh 2018
- **31** faighte i rith 2019

As na **67** a bhí idir lámha i rith 2019:

- **2** – scoireadh díobh
- **7** – ní dhearnadh níos mó ná measúnú ina leith
- **2** – chomhad seolta chuig an DPP (cinntí ar feitheamh ag deireadh na bliana)
- **1** – tuairisc maidir le Rialacháin Araíonachta curtha ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána (toradh ar feitheamh ag deireadh na bliana)
- **55** – faoi mheasúnú agus imscrúdú ag deireadh na bliana

RANNÁN 8: IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Faigheann GSOC iarrataí ar chineálacha éagsúla faisnéise beagnach gach lá. An tAonad um Beartas agus Rúnaíocht GSOC a láimhseálann formhór na n-iarrataí sin. Tá an tAonad sin freagrach as próiseáil a dhéanamh ar na hiarrataí go léir ar fhaisnéis phearsanta a fhaightear faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus ar iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá sé freagrach freisin as freagraí ar cheisteanna parlaiminte a chur i dtoll a chéile, agus as uirill a fhaightear ó chomhaltaí den Oireachtas, chomh maith le déileáil le hiarrataí ginearálta ar fhaisnéis a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Sa bhreis ar an obair sin, déanann an tAonad formhaoirseacht ar cheapadh beartais in GSOC, tá sé freagrach as ceisteanna a bhaineann le rialachas corparáideach agus soláthraíonn tacaíocht riaracháin do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí.

Tá líon ball foirne tiomnaithe san Aonad a dhéileálann le hiarrataí maidir le cosaint sonraí agus saoráil faisnéise, a chinntíonn go dtugtar freagra ar na hiarrataí sin laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha, a chuireann feachtas ar chúrsaí cosanta sonraí agus príobháideachais chun cinn laistigh de GSOC, agus a chinntíonn go gcloíonn GSOC lena oibleagáidí reachtúla faoin reachtaíocht riachtanach.

Bhí an líon iarrataí ar rochtain ar shonraí agus an líon iarrataí ar fhaisnéis a fuarthas in 2019 ag teacht go mór leis an líon a fuarthas in 2018, ach bhí méadú ar chastacht agus ar mhéid na hoibre a theastaigh chun freagra a thabhairt orthu. Tháinig ardú ar an líon ball foirne san Aonad i rith 2019 ó cheathrar go dtí ochtar, mar fhreagra ar an méadú ar an ualach oibre. Tugtar an líon iarrataí a fuarthas in 2019 i dTábla 6 thíos.

In 2019, fuair GSOC 38 n-iarraidh maidir le saoráil faisnéise. Bhain an chuid is mó díobh sin le faisnéis phearsanta i gcomhaid cásanna GSOC, ach mar gheall nach bhfuil comhaid cásanna (i.e. taifid a bhaineann le scrúdú nó imscrúdú faoi Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána, 2005)

clúdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, diúltaíodh formhór mór na n-iarrataí sin.

Bhain an chuid eile de na hiarrataí le staitisticí faoi chásanna, torthaí, costais dlí, costais reatha, faisnéis faoi scaoileadh armán agus staitisticí faoi ghearáin de réir rannáin.

Rinneadh an chéad achomharc i gcoinne chinneadh GSOC maidir le saoráil faisnéise chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise sa bhliain 2019. Is í Oifig an Choimisinéara Faisnéise an comhlacht achomharc a dhéanann athbhreithniú ar chinntí maidir le saoráil faisnéise arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí. Sa chás áirithe seo, inar lorg an té a rinne an t-iarraidh taifid a bhain le gearáin maidir leis an bhfoireann agus ábhar gaolmhar, chinn GSOC gur cheart diúltú don iarraidh. Seasadh leis an diúltú in athbhreithniú inmheánach a rinne cinnteoir eile in GSOC. Chinn an t-iarrthóir a c(h)heart ar athbhreithniú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise ar chinneadh GSOC a agairt. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh, chinn Oifig an Choimisinéara Faisnéise seasamh le cinneadh GSOC rochtain ar na taifid iarrtha a dhiúltú.

NA MEÁIN

Is é Aonad Cumarsáide GSOC a dhéileálann le hiarrataí ar fhaisnéis ó na meáin. Cuireann an tAonad seirbhís ar ghlaodhualgas 24 uair an chloig ar fáil. D'fhreagair an tAonad 241 cheist ó iriseoirí sa bhliain 2019.

Tábla 6: Iarrataí ar fhaisnéis a próiseáladh sa bhliain 2019

Cineál Iarraidh	Líon
Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014	38
Iarrataí faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018	71
Iarrataí ar fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	25

Cineál Iarraidh	Líon
Aighneachtaí mar fhreagra ar Cheisteanna Parlaiminte	32
Uirill ó chomhaltaí den Oireachtas	11
Fiosruithe ó na meáin	241

RANNÁN 9: AN FHOIREANN

De réir alt 71 [3] d'Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú, is é Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána fostóir na mball foirne ar státseirbhísigh iad i Státseirbhís an Stáit.

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 125 bhall foirne ann in GSOC, (lena n-áirítear an triúr Coimisinéirí) dá raibh 30 fostaithe sa Stiúrthóireacht Riaracháin agus 92 sa Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Bhí beirt oifigeach imscrúduithe de chuid GSOC ar iasacht don Bhinse um Nochtaí Cosanta ar feadh na bliana ar fad. Bhí deich bhfolúntas le líonadh san eagraíocht ag deireadh na bliana. Chomh maith leis an líon foirne sin, bhí beirt chonraitheoirí TFC ag GSOC agus duine amháin ar conradh chun seirbhísí meán agus cumarsáide a sholáthar.

Tháinig méadú suntasach ar GSOC i rith 2019 tar éis aighneacht mhionsonraithe a rinne GSOC an bhliain roimhe, inar leagadh amach an gá práinneach le tuilleadh acmhainní. I mí Feabhra 2018, d'ullmhaigh GSOC cás gnó mionsonraithe inar leagadh amach an gá práinneach a bhí aige le baill foirne bhreise ionas go bhféadfadh sé a shainchúram reatha agus a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh. I mí na Samhna 2018, i ndiaidh díospóireacht fhairsing leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER), fuair GSOC ceadú 42 bhall foirne breise a cheapadh, mar a leagtar amach sa chás gnó. Theastaigh formhór na mball foirne sin le haghaidh chroí-aidhm na heagraíochta, láimhseáil gearán agus imscrúdú, agus theastaigh líon níos lú le haghaidh na bpost riaracháin agus tacaíochta a tháinig aníos le blianta beaga anuas.

Ar an gceadú a lorgaíodh a fháil, chuir GSOC tús láithreach le socrúithe chun na baill foirne breise sin a earcú. Leanadh leis an obair sin i rith 2019 agus líonadh na poist bhreise d'oifigigh imscrúduithe dá ndearnadh soláthar sa cheadú ó phainéil a bhunaigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) thar ceann GSOC. Líonadh na poist riaracháin bhreise dá ndearnadh soláthar sa cheadú trí bhíthin iarrthóirí a cheapadh ó phainéil oscailte chuí PAS do ghráid ghinearálta sa státseirbhís.

Chuaigh 46 bhall foirne nua isteach in GSOC in 2019 agus d'fhág 10 mball foirne an eagraíocht. D'fhág siad sin chun glacadh le deiseanna

fostaíochta eile, ina measc ardú céime chuig poist sa státseirbhís agus i gcomhlachtaí poiblí eile. Chuaigh ball foirne amháin ar scor in 2019.

Tarraingíonn GSOC ar sheirbhísí na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) chun riarachán párolla, pinsean agus acmhainní daonna a sholáthar. Baineann GSOC úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (ePMDS) a bhunaigh NSSO chun feidhmíocht agus forbairt na foirne san eagraíocht a thaifeadadh agus tacú leo. B'ionann ráta comhlíonta bhaill foirne GSOC le riachtanais an timthrialla PMDS agus 90 faoin gcéad sa bhliain 2019.

Sa bhliain 2016, bhunaigh GSOC beartas agus nósanna imeachta dá bhaill foirne féin chun nochtaí a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach sa bhliain 2019, ná ní raibh aon nochtadh inmheánach faighte i rith na tréimhse ó 2014 go 2018.

I rith 2019, thug baill foirne de chuid GSOC faoi ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid éagsúla do charthanais éagsúla, agus bhailigh siad os cionn €7,000. I measc na ngníomhaíochtaí bhí imeachtaí sóisialta a d'eagraigh an fhoireann i dteannta a chéile agus ghlac baill foirne aonair páirt i raon leathan imeachtaí níos poiblí a raibh mar aidhm leo feachtas a ardú agus airgead a thiomsú do charthanais i gcoitinne.

FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Lean an Coimisiún Ombudsman le bheith tiomanta dá fhoireann a oiliúint, a uasoiliúint agus a fhorbairt sa bhliain in 2019. Cuireadh an gá le hoiliúint chuí a chur ar bhaill foirne nua a tháinig go GSOC in 2019 leis na riachtanais a bhí ag na baill foirne a bhí in GSOC cheana féin ó thaobh rochtain a fháil ar dheiseanna oiliúna agus forbartha le linn na bliana.

Agus é ag dul i ngleic le riachtanais oiliúna na foirne, bhí mar aidhm ag GSOC feabhas a chur ar an leibhéal foriomlán croiscileanna don áit oibre a bhaineann le feidhmeanna na heagraíochta. Coinníodh obair Bhainisteoir Foghlama agus Forbartha GSOC ar leithligh ón bhfeidhm acmhainní daonna i gcoitinne, agus díriodh ar dheiseanna oiliúna a aimsiú don fhoireann lena

chinntiú go mbeadh na scileanna agus an t-eolas cuí ag foirne GSOC chun cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach agus a sholáthar.

Chomh maith lenár gclár oiliúna inmheánach féin a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, bhí baill foirne GSOC in ann leas a bhaint as an tsraith clár atá ar fáil faoin gCreat Aon Foghlama Amháin, atá á oibriú go lárnach ag Ionad Foghlama agus Forbartha Státseirbhís na hÉireann.

Sa bhliain 2019, d'éascaigh Aonad Foghlama agus Forbartha GSOC 40 cúrsa oiliúna nó clár éagsúla do bhaill foirne GSOC. Ba faoi Chreat an Aon Foghlama Amháin a soláthraíodh 30 cinn díobh sin. D'fhreastail 80 duine (triúr Coimisinéirí ina measc) dár 125 bhall foirne ar cheann amháin ar a laghad de na cúrsaí sin. Is ionann sin agus 64 faoin gcéad den fhoireann ar fad.

Áiríodh iad seo a leanas leis na cineálacha oiliúna is suntasaí a soláthraíodh do bhaill foirne GSOC sa bhliain 2019:


- Baitsiléir Eolaíochta (B.Sc) i gCeannaireacht agus Rialachas Póilíneachta i gCOBÁC - (2 Imscrúdaitheoirí Shinsearacha)
- Dlí-Chumann na hÉireann – Dioplóma sa Dlí Coiriúil agus Cleachtas - (11 ball foirne)
- Teastas sa Dlí Sceithireachta agus Cleachtas i gCOBÁC – (2 Imscrúdaitheoirí)
- Oiliúint in Agallóireacht Imscrúdaitheach Leibhéal 1 – (Baill foirne cásoibre)
- Oiliúint in Agallóireacht Imscrúdaitheach Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 - (Imscrúdaitheoirí)
- Iompar Suaiteach/ Ionsaitheach a Chosc nó Déileáil Leis - (14 bhall foirne)
- Tús Eolais ar reachtaíocht RGCS – (foireann iomlán GSOC)
- Dioplóma i gCosaint Sonraí – (6 bhall foirne)
- Oiliúint i Saoráil Faisnéise - (8 mball foirne)

- Bonnchúrsa Oiliúna ITIL (Ball foirne TF amháin)

- Teicnící Teileafóin (15 bhall foirne)

Thug roinnt ball foirne de chuid GSOC faoi chúrsaí oideachais agus oiliúna lasmuigh den obair freisin, de réir na scéime um aisíoc táillí dá bhforáiltear faoi Chiorclán 23/2007 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa chiorclán sin, leagtar amach socruithe a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le Ranna agus Oifigí Rialtais leibhéil chuí scileanna agus saineolais a fhorbairt agus tacú le hoifigigh dul i mbun féinfhorbartha agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Agus é ag tacú le baill foirne ar an mbealach sin, léiríonn GSOC go bhfuil sé tiomanta do scileanna nua agus bealaí oibre nua a fhorbairt go leanúnach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht laistigh den eagraíocht agus aithníonn sé go bhfuil fiúntas ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt gairme a chuid ball foirne.

Cairt 9: Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Struchtúr Eagrúcháin



* Folúntais a bhí sna poist Stiúrthóir Riaracháin agus Leas-Stiúrthóir Riaracháin ag deireadh na bliana.

RANNÁN 10: RANNCHUIDIÚ LE FOGHLAIM NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Bíonn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus baill foirne GSOC i dteagmháil go leanúnach le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le héillitheacht, formhaoirseacht ar phóilíneacht, láimhseáil gearán agus réimsí eile is ábhair spéise do GSOC iad.

Glacann GSOC páirt i gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin, agus rannchuidíonn leo, lena n-áirítear comhdhálacha agus seimineáir ar ábhair spéise.

I measc na n-imeachtaí ar ghlac GSOC páirt iontu sa bhliain 2019 bhí:

- An 19ú comhdháil bhliantúil de chuid Chomhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta (EPAC) i Stóckólm, an tSualainn, an 10 – 12 Nollaig, 2019. I rith an Chomhthionóil Ghinearálta, mhol an Coimisinéir Patrick Sullivan rún ag iarraidh ar bhallstáit de chuid na hEorpa glacadh leis mar phrionsabal nach mór do ghníomhaireachtaí póilíneachta gach líomhain faoi iompar coiriúil arna ndéanamh i gcoinne chomhaltaí de ghníomhaireachtaí póilíneachta a tharchur chuig Comhlachtaí um Fhormhaoirseacht Póilíneachta. Vótáil an Comhthionól Ginearálta an rún a fhorpheas agus cuimsíodh é i nDearbhú Stóckólm 2019. “Creidim go léiríonn an dearbhú seo tábhacht na n-iarachtaí leanúnacha anseo in Éirinn chun glacadh le reachtaíocht nua i gcomhréir le moltaí CoFPI,” a dúirt an tUasal Sullivan.
- D’fhreastail an Cathaoirleach, an Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring, ar sheimineár Independent Police Complaints Authorities Network (IPCAN) dar teideal, “Gaoil idir fórsaí póilíneachta agus an daonra: dúshlán agus cleachtais” [aistriúchán neamhoifigiúil] i bPáras i mí Dheireadh Fómhair.
- Ar cuireadh a fháil, tháinig GSOC chun bheith ina comhalta den Network of European Integrity and Whistleblowing Authorities (NEIWA) lena dtugtar le chéile eintitis phoiblí a bhfuil de chúram orthu sceithirí a chosaint agus/nó tuairiscí sceithirí a láimhseáil agus a imscrúdú. D’fhreastail an Cathaoirleach, an Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring,

agus Ceann Aonad GSOC um Nochtadh Cosanta ar chruinniú NEIWA i bPáras i mí na Nollag

- Comhdhálacha Dlí ar ar fhreastail an tAonad Dlí:
 - o Comhdháil Eden Data Protection i gCóbhanhávan i mí Mheán Fómhair
 - o Seimineár Eurojust i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna
 - o Cruinniú an ghrúpa sainleasa dlí, BIOA, i nDún Éideann i mí Aibreáin
 - o Comhdháil Bhliantúil ar an Dlí Coiriúil, Dlí-Chumann na hÉireann, Baile Átha Cliath i mí na Samhna 2019.
 - o Comhdháil Bhliantúil an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag.
 - o Comhdháil Professional Regulatory and Disciplinary Association (PRDBA) maidir le nuashonrú ar an dlí rialála i mí na Bealtaine.
- Comhdháil Bhliantúil de chuid an Ombudsman Association i mBéal Feirste i mí na Bealtaine agus Cruinniú Lónra Beartais de chuid an Ombudsman Association i Manchain i mí na Samhna
- D’fhreastail an tOifigeach um Chosaint Sonraí ar Chruinniú Lónra Oifigeach um Chosaint Sonraí de chuid an Ombudsman Association i Manchain
- Thug Stiúrthóir Oibríochtaí GSOC aitheasc faoi Chuntasacht agus Formhaoirseacht na nGardaí in Éirinn in Ollscoil Mhá Nuad ar cuireadh a fháil ón Irish Human Rights Network

Óstálann GSOC cuairteanna go minic ó dhaoine sa réimse formhaoirseacht ar phóilíneacht ar spéis leo foghlaim faoi thaithí agus cleachtais oibre GSOC. I measc na gcuairteoirí sa bhliain 2019 bhí

- Dame Elish Angiolini a bhfuil athbhreithniú ollmhór á dhéanamh aici ar láimhseáil gearán, imscrúdú agus saincheisteanna maidir le mí-iompar i ndáil leis na póilíní in Albain.
- Comhaltaí de Phóilíní Náisiúnta na hÚcráine a bhí ar chuairt staidéir chun na hÉireann arna heagrú ag Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh (EUAM) san Úcráin

CONCLÚID

Bhíothas ag fanacht ag deireadh 2019 ar reachtaíocht nua chun éifeacht a thabhairt do mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI), lena n-áirítear a mholtaí faoi chruth agus feidhmeanna chomhlacht formhaoirseachta nua don Gharda Síochána.

In oirchill na reachtaíochta, rinne GSOC dul chun cinn ar a ullmhúcháin chun aistriú ina heagraíocht nua a mbeidh sainordú méadaithe aici. Chuir an Coimisiún agus an bhainistíocht shinsearach doiciméad mionsonraithe ar straitéis ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, inar leagadh amach struchtúir agus riachtanais an chomhlachta formhaoirseachta nua de réir mar a shamhlaítear i dtuarascáil CoFPI (Meán Fómhair 2018).

Beidh impleachtaí suntasacha ag na príomhdhifríochtaí idir sainchúram reatha GSOC agus sainchúram an chomhlachta a thiocfaidh ina áit, mar a ndearna CoFPI cur síos air, maidir le formhaoirseacht ar ghardaí. Áirítear ar na difríochtaí:

- Saincheisteanna faoi fheidhmíocht a ndéileálfadh bainisteoirí de chuid an Gharda Síochána leo
- Gach líomhain faoi éagóir arna déanamh ag comhaltaí agus baill foirne de chuid an Gharda Síochána le bheith ina n-ábhar don chomhlacht nua Ombudsman

Ceann de na dúshláin a bheidh ag GSOC in 2020 agus isteach in 2021 ná aistriú ina ghníomhaireacht a bheidh go hiomlán neamhspleách agus í ag seoladh imscrúduithe coiriúla agus imscrúduithe tromchúiseacha araíonachta faoi mhí-iompar líomhnaithe ag an nGarda Síochána. Beidh creat reachtach soiléir de dhíth chun sin a dhéanamh, chomh maith le comhoibriú maith leis an nGarda Síochána agus le comhlachtaí formhaoirseachta eile sna struchtúir nua. Beidh soláthar na n-acmhainní riachtanacha agus pearsanra dea-oilte chun tacú leis an obair san áireamh freisin. Ar deireadh, cuirfidh imscrúduithe córa agus neamhspleácha feabhas ar agus tabharfaidh tacaíocht do mhuinín an phobail as obair agus as pearsanra an Gharda Síochána.

D'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith ag comhaltaí foirne de chuid an Gharda Síochána a chur san áireamh mar dhaoine a ndéanfaidh an comhlacht nua formhaoirseacht orthu don Gharda Síochána agus don chomhlacht a thiocfaidh in áit GSOC. Is réimse é seo inar cheart úsáid a bhaint as comhairliúchán agus comhaontú sula gcuimseofar athruithe sa reachtaíocht.

AGUISÍN 1: RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

RIALACHAS

Leagtar amach sa Chomhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorporáidigh idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a síníodh i mí an Mhárta 2018, sin an creat leathan rialachais chorporáidigh ar laistigh de a oibríonn GSOC agus sainítear ann na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus thaca ag an gcaidreamh idir GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leagtar amach sa Chomhaontú na socruithe a leanfar chun GSOC a rialú, a chistiú agus a riar go héifeachtach de réir an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Comhaontaíodh aon mhaoluithe ar an gCód nó aon eisceachtaí uaidh leis an Roinn agus tá siad leagtha amach sa Chomhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorporáidigh.

An Coimisiún Ombudsman

Coimisiún triúir is ea an Coimisiún Ombudsman, a chuimsíonn beirt Choimisinéirí agus Cathaoirleach amháin. Ní mór fear amháin ar a laghad agus bean amháin ar a laghad a bheith ar an gCoimisiún. Ní mór don Uachtarán gach comhalta den Choimisiún Ombudsman a cheapadh, tar éis don Rialtas iad a ainmniú agus tar éis don dá Theach den Oireachtas rúin lena moltar a gceapachán a rith. Ceaptar duine amháin de na comhaltaí den Choimisiún Ombudsman mar Chathaoirleach.

Chuimsigh an Coimisiún Ombudsman na daoine seo a leanas sa bhliain 2019: An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring (Cathaoirleach), an tUas. Kieran Fitzgerald, agus an tUas. Patrick Sullivan. Chuimsigh an Fhoireann Ardbhainistíochta na daoine seo a leanas: an tUas. Darren Wright, Stiúrthóir Oibríochtaí, Niamh McKeague Uasal, Ceann Gnóthaí Dlí, an tUas. Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí agus Candice Will, Uasal, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí (Chuaigh Candice Will i mbun a róil i Meán Fómhair 2019). Bhí an post Stiúrthóir Riaracháin folamh sa bhliain 2019 ar feitheamh cheadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an post a líonadh.

Cruinnithe agus Nithe lena gCinneadh ag an gCoimisiún Ombudsman

Buaileann an Coimisiún Ombudsman go foirmiúil leis an bhFoireann Ardbhainistíochta uair amháin ar a laghad sa mhí, seachas i mí Lúnasa, chun a chuid dualgas a chomhlíonadh (Féach Tábla A chun

amharc ar sceideal de na cruinnithe a tionóladh sa bhliain 2019). Tá oibleagáid air a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus grádú agus coinníollacha ceapacháin na mball foirne go léir a cheadú. Bhuaileann an Coimisiún Ombudsman agus an Fhoireann Ardbhainistíochta lena chéile 11 uair sa bhliain 2018. Déanann an Coimisiún Ombudsman cinntí ar na nithe seo a leanas:

- Tionscadail chaipitil;
- Leibhéil údaráis tharmhligthe, beartais bhainistíochta airgeadais agus beartais bhainistíochta riosca;
- Téarmaí mórchonarthaí a cheadú;
- Ceannacháin shuntasacha agus díúscairtí suntasacha a dhéanamh agus scor de shócmhainní GSOC;
- Buiséid bhliantúla a cheadú;
- Dearbhú a thabhairt go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus grádú agus coinníollacha ceapacháin na mball foirne go léir a cheadú;
- Ráitis Straitéise a cheadú; agus
- Tuarascálacha bliantúla agus cuntais a tháirgeadh

Freagrachtaí agus Cuspóirí

Leagtar amach in alt 65 go halt 67 d'Acht an Gharda Síochána comhaltas, téarmaí agus coinníollacha, socruithe ceapacháin, feidhmeanna agus cuspóirí an Choimisiúin Ombudsman. Mar aon lena chuid feidhmeanna agus cuspóirí reachtúla, áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí eile atá air:

- rath GSOC a chur chun cinn trína chuid gníomhaíochtaí a stiúradh agus a threorú;
- treoir straitéiseach a thabhairt do GSOC agus, ag an am céanna, faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann sé na feidhmeanna tarmhligthe atá aige;
- an treo straitéiseach, mórfhleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht, agus maoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil;

- gníomhú ar bhonn láneolach agus eiticiúil, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí agus chun leas GSOC, faoi réir na gcuispóirí a leagann an Rialtas síos;
- forbairt acmhainn GSOC a chur chun cinn, lena n-áirítear inniúlacht an lucht ceannaireachta agus na foirne; agus
- an lucht ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí tarmligthe.

Meastóireacht Feidhmíochta

Rinne an Coimisiún Ombudsman tús le hAthbhreithniú Féinmheasúnaithe Éifeachtachta agus Meastóireachta ar a fheidhmíocht féin sa bhliain 2019.

Tábla A: Dátaí agus Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin.

Dáta	Freastal (Coimisinéirí / Stiúrthóirí / Ceann Gnóthaí Dlí)	
15 Eanáir 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
12 Feabhra 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
12 Márta 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
9 Aibreán 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
14 Bealtaine 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
11 Meitheamh 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
9 Iúil 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright
10 Meán Fómhair 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
8 Deireadh Fómhair 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
12 Samhain 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald An tUas. Patrick Sullivan	An tUas. Darren Wright Niamh McKeague Uas.
10 Nollaig 2019	An Breitheamh Onórach Mary Ellen Ring An Dr. Kieran FitzGerald	

AIRGEADAS

Cistítear GSOC trí dheontas bliantúil a fháil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta do GSOC. I gcomhar leis an Oifigeach Cuntasaíochta, tá an Cathaoirleach freagrach as cuntais GSOC a ullmhú.

Ceanglaítear le halt 77 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus

Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 77 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ag féachaint do mhéid an Choimisiúin Ombudsman, ní mheastar go bhfuil sé indéanta aige a fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ná a Choiste Iniúchóireachta agus Riosca féin a bhunú. Le toiliú na Roinne, cuireadh socruithe malartacha i bhfeidhm chun rochtain a thabhairt do GSOC ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na Roinne. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a shealbhaíonn téarmaí tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Ina theannta sin, bíonn GSOC faoi réir iniúchadh bliantúil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá próiseas inmheánach bainistíochta

riosca i bhfeidhm aige, rud a ndéanann Oifigeach Bainistíochta Riosca agus Grúpa Faireacháin ar Bhainistíocht Riosca maoirseacht air.

Maidir le caiteachas ginearálta, rinne GSOC obair athchóirithe in 2019 chun an córas ardaitheoirí ina fhoirgneamh ag 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 a uasghrádú. €224,000 a bhí ar chostas iomlán na hoibre sin, lenar áiríodh ardaitheoir Aslonnaithe Dóiteáin nua a shuiteáil lena chinntiú go ndéanfaí na roghanna aslonnaithe atá ar fáil don fhoireann i gcás éigeandála a uasghrádú chuig an gcaighdeán atá riachtanach faoin reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta.

Chinntigh an Coimisiún Ombudsman gur chomhlíon GSOC an Cód Caiteachais Phoiblí ina iomláine ar feadh na bliana 2019.

Léirítear i dTábla B an méid Caiteachais a rinne GSOC sa bhliain 2019.

Tábla B: Caiteachas GSOC sa bhliain 2019.

Catagóir	Buiséad Bunaidh	Caiteachas	
Tuarastail, Pá & Liúntais	€7,000,000.00	A01 - Pá agus Liúntais	€6,917,528.66
Neamhphá	€3,658,000.00	A02 - Taisteal & Cothabháil	€125,163.69
		A03 - Costais Theagmhasacha	€708,610.42
		A04 - Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide	€95,392.90
		A05 - Trealamh Oifige & Soláthairtí Eile Oifige	€780,932.00
		A06 - Costais Oifige & Áitribh	€2,038,862.73
		A07 - Comhairleacht	€0
		A08 - Caiteachas Taighde	€22,680.82
		Caiteachas Neamhphá Iomlán	€3,771,642.56
Leithdháileadh Buiséid Iomlán 2019	€10,658,000.00	Caiteachas Pá agus Neamhphá Iomlán in 2019	€10,689,171.22

Nótaí:

- Ní dhearna an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh go fóill ar na figiúirí i dTábla B (thuas) ná i dTábla C (ar an gcéad leathanach eile).
- Ní áirítear leis an tábla thuas Leithreasá i gCabhair arbh fhiú €230,053.39 iad in 2019.

TÁILLÍ NACH mBAINEANN LE TUARASTAIL

Ba é NIALAS luach na dtáillí nach mbaineann le tuarastail a íocadh le comhaltaí den Choimisiún Ombudsman don bhliain 2019.

AN PHRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA

B'ionann agus €430,694 luach iomlán na dtuarastail a d'íoc Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana.

COSTAIS CHOMHAIRLEACHTA

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'. Ba é €104,998 an costas iomlán don bhliain 2019.

Tábla C: Miondealú ar Shochair Fostaithe:

Raon ó - go	An Líon Fostaithe	
	2019*	2018
€60,000 - €69,999	16	13
€70,000 - €79,999	9	11
€80,000 - €89,999	3	4
€90,000 - €99,999	3	3
€100,000 - €109,999	2	1
€110,000 - €119,999	-	-
€120,000 - €129,999	-	-
€130,000 - €139,999	1	1
€140,000 - €149,999	2	1
€150,000 - €159,999	-	1

* Áirítear leis na figiúirí don bhliain 2019 tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

Ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh in GSOC

Ní dhearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh go fóill ar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach in GSOC thíos, agus tá an ráiteas seo faoi athbhreithniú fós.

Aithníonn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána leis seo an fhreagracht atá orainn go n-áirithítear go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní fhéadann an córas rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoiscítear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil. Is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Choimisiúin, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Ghlac an Fhoireann Ardbhainistíochta páirt iomlán i bhfaireachán a dhéanamh ar rioscaí agus, a mhéid ab fhéidir léi sa timpeallacht oibriúcháin, i ndéileáil leis na rioscaí a cuireadh i láthair le linn na bliana 2018. Tá na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun timpeallacht chúil rialaithe a áirithiú:

- Is faoi na bainisteoirí líne agus na comhaltaí den Choimisiún atá sé cinntí a dhéanamh maidir le caiteachas, ar aon dul leis na tairseacha caiteachais atá ceadaithe;
- Déantar freagrachtaí bainistíochta a shainiú agus a chur in iúl go soiléir idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Sanntar caidrimh inmheánacha thuairiscithe go soiléir;
- Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil don Choimisiún le linn na bliana cuntasáíochta. Próiseálann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla an párolla agus na héilimh thaistil agus chothaithe a fhaightear le linn na bliana cuntasáíochta. Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí, seirbhísí cothabhála i leith an chláir shócmhainní seasta, seirbhísí ordaithe ceannaigh agus seirbhísí comhdaithe cánach ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána freisin.
- Déanann conraitheoir seachtrach athbhreithniú rialta ar na rialuithe. Comhlánaíonn an próiseas sin na hiniúchtaí a dhéanann aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- Tá nósanna imeachta airgeadais láidre i bhfeidhm ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Bhain sé leas as na seirbhísí de chuid gnólachta cuntasáíochta sheachtraigh le linn na bliana freisin.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Bhunaigh an Coimisiún próisis le haghaidh rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint agus a mheas ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais atá roimh an oifig a shainaithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlódh na rioscaí sainaitheanta;
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chumas inmheánach na hoifige na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú;
- Rioscaí airgeadais a scrúdú i gcomhthéacs na spriocanna straitéiseacha;
- Obair an Ghrúpa Faireacháin ar Bhainistíocht Riosca.

Tá Straitéis um Bainistíocht Riosca i bhfeidhm ag an gCoimisiún Ombudsman. Gné amháin den straitéis sin is ea an Grúpa Faireacháin ar Bhainistíocht Riosca. Cuireadh an Grúpa ar bun sa bhliain 2016 agus cuimsíonn sé dháréag comhaltaí de ghráid éagsúla, an Coimisinéir ina measc, chun rannpháirtíocht traseagraíochta a chinntiú sa phróiseas bainistíochta riosca. Is é ról an Ghrúpa formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann na bainisteoirí líne agus na cinn ar aonaid ghnó bainistíocht ar rioscaí, a chinntiú go nglactar cur chuige comhtháite i leith bainistíocht riosca ar fud GSOC, agus dearbhú a thabhairt don Lucht Ardbhainistíochta go bhfuil na rioscaí uile atá ar eolas á maolú. Tháinig an Grúpa le chéile sé huaire sa bhliain 2019 chun rioscaí a athbhreithniú agus chun clár rioscaí GSOC a thabhairt cothrom le dáta.

Sainithnítear i gclár rioscaí GSOC rioscaí sonracha, mionsonraítear ann na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí sin a mhaolú agus leagtar freagracht ann ar phríomhbhaill foirne as rialuithe a mhaolú agus a oibriú. Gach mí, déanann an Coimisiún Ombudsman athbhreithniú ar theagmhais riosca ábhartha agus tugann sé faoi deara, nó ceadaíonn sé, na gníomhartha a dhéanann baill foirne chun na rioscaí sainaitheanta a mhaolú nó a bhainistiú de réir leibhéal réasúnta.

Faireachán agus Athbhreithniú

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar bhainistíocht inmheánach faisnéise, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Cuirtear an obair seo a leanas go háirithe i gcrích ina leith sin:

- Déanann an Coimisiún agus Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú rialta ar an bhfaisnéis airgeadais a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais;
- Tugtar faoi bhuiséadú cuimsitheach, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta air;
- Cuirtear tuarascálacha airgeadais faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin gach mí lena n-athbhreithniú

Cuireadh sásraí ar bun chun a chinntiú go bhfuil córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Choimisiúin (atá ar bun laistigh de GSOC) sách slán.

Teagmhais a raibh Teipeanna Suntasacha Rialaithe i gceist leo

Níor thit aon teagmhais a raibh teipeanna suntasacha rialaithe i gceist leo amach sa bhliain 2019.

Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún Ombudsman chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar, mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Ceadú ag an gCoimisiún

Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm chun a chinntiú gur bhreithnigh an Coimisiún Ombudsman gach gné de bhainistíocht riosca, de TFC, de rialuithe inmheánacha agus de chleachtais bhainistíochta don bhliain 2018 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún a ainm leis an athbhreithniú sin agus cuirfear é ar áireamh lena scrúdú ag na hiniúcháirí seachtracha sa bhliain 2012 nuair a dhéanfar iniúchadh ar ráitis airgeadais GSOC don bhliain 2019.


Tríd is tríd, is deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil an córas rialuithe inmheánacha atá ar bun in GSOC leordhóthanach chun dearbhú dóthanach a thabhairt dó agus go ndéantar na rialuithe sin a chur chun feidhme agus a athbhreithniú ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.

AGUISÍN 2: PRÓIFÍL NA nDAOINE A RINNE GEARÁN SA BHLIAIN 2019


Léirítear sna cairteacha thíos próifíl na ndaoine a rinne gearán le GSOC sa bhliain 2019. Tá na torthaí bunaithe ar shuirbhé a dháiltear ar gach gearánach nuair a chuireann siad gearán isteach. Thug 23% de ghearánaigh (402 dhuine) freagra ar an suirbhé sa bhliain 2018. Is gan ainm atá na freagraí uile.

**Ar mhaithe le slánuimhreacha a thabhairt, rinneadh figiúirí áirithe a shlánú suas nó síos*


Cairt 10: Inscne




Cairt 11: Aois




Cairt 12: Náisiúntacht




Cairt 13: Tír bhreithe




Cairt 14: Eitneacht




Cairt 16: Míchumas




Cairt 15: Teanga




Cairt 17: Reiligiún




Cairt 18: Tithíocht



Cairt 20: Fostaíocht



Cairt 19: An Leibhéal Oideachais is Airde




AGUISÍN 3: PRÓIFÍL NA nGARDAÍ A nDEARNADH GEARÁN FÚTHU SA BHLIAIN 2019


Léirítear sna cairteacha ar an leathanach seo próifíl na ngardaí a ndearnadh gearán fúthu i líomhaintí a glacadh sa bhliain 2019, i gcás go raibh céannacht (inscne agus céim) na ngardaí ar eolas.

**Ar mhaithe le slánuimhreacha a thabhairt, rinneadh figiúirí áirithe a shlánú suas nó síos.*

Cairt 21: Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2019



Cairt 22: Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí a glacadh sa bhliain 2019



AGUISÍN 4: DEARCADH NA nDAOINE

MODHEOLAÍOCHT

Rinneadh obair allamuigh trí bhíthin an tsuirbhé náisiúnta Behaviour & Attitudes Face to Face (Barometer) le linn na tréimhse 2 – 14 Eanáir, 2020. Rinneadh an suirbhé roimhe sin in 2018 trí bhíthin suirbhé Face to Face Omnibus (Barometer) freisin, le linn na tréimhse 1 – 13 Feabhra 2018. Úsáideadh an modh céanna, Face to Face Omnibus, sa suirbhé a rinneadh in 2016, le linn na tréimhse 15 – 25 Eanáir 2016.

Rinneadh suirbhé 2013 trí bhíthin an teileafóin, Omnibus (TeleBarometer), le linn na tréimhse 3 – 15 Nollaig 2013. Taispeántar comparáidí idir na ceithre thréimhse suirbhé nuair is ábhartha.


Rinneadh agallóireacht ag 63 phointe samplála in aghaidh an tsuirbhé agus tá gach gné den suirbhé Barometer seo díreach mar an gcéanna le cur chuige suirbhé saincheaptha ad hoc a úsáid. Cuireadh agallamh ar thart ar 1,003 dhuine den phobal. Laistigh de gach pointe samplála, roghnaíodh freagróirí ar bhonn rialuithe cuóta a bhain le hinscne, aois, aicme shóisialta sa réigiún agus gnéithe amhail teagmháil leis na Gardaí.

Príomhthorthaí

- As na daoine a chuir tuairim in iúl, thug 72% le tuiscint go mbeidís toilteanach gearán a dhéanamh dá mbeadh drochthaithí acu le Garda, ag teacht le leibhéal 2016.
- Baineann na príomhchúiseanna a mheastar gur seirbhís thábhachtach é Ombudsman an Gharda Síochána leis an ngá le caighdeáin rialála chun Gardaí a choinneáil cuntasach.
- Tá tuiscint níos fearr ar an téarma 'Ombudsman an Gharda Síochána' ná mar atá ar an téarma 'GSOC'.

Feasacht ar Ombudsman an Gharda Síochána


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir seachas Idir Dhá Chomhairle



- Tá ochtar as gach deichniúr a chuir tuairim in iúl ar an eolas faoi GSOC – ag teacht le blianta roimhe sin.

Feasacht ar Ról Ombudsman an Gharda Síochána– An Chéad Lua


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir – 1,003



- Glactar leis go ginearálta gurb é ról Ombudsman an Gharda Síochána gearáin faoi Ghardaí a imscrúdú agus a réiteach. (Is ceart a thabhairt ar aird nach gcuireann GSOC pionós ar ghardaí ná nach dtugann sé cúiteamh don phobal).

An gcuireann Ombudsman an Gharda Síochána seirbhís thábhachtach ar fáil?


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir – 1,003



- Creideann níos mó ná seachtar as gach deichniúr freagróirí go gcuireann Ombudsman an Gharda Síochána seirbhís thábhachtach ar fáil.

An bhfuil Muinín agat as Cothroime Ombudsman an Gharda Síochána?


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir – 1,003



- Creideann níos mó ná dhá thrían d'fhreagróirí, dá mbeadh fadhb acu agus dá rachaidís chuig Ombudsman an Gharda Síochána, go gcaithfeadh go cothrom leo.

An bhfuil Muinín agat as Cumas Ombudsman an Gharda Síochána Fadhbanna a Réiteach?


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir – 1,003



- Tá níos mó ná leath na bhfreagróirí sásta go mbeadh Ombudsman an Gharda Síochána ábalta fadhb a réiteach dóibh, dá mbeadh fadhb acu. Níl a fhios ag formhór mór na bhfreagróirí eile cibé an féidir nó nach féidir a bhfadhb a réiteach.


Comhaontú le Ráitis maidir leis an Ombudsman – gan “Níl a fhios agam” san áireamh

Bunús: Na Rannpháirtithe go Léir– gan daoine idir dhá chomhairle san áireamh



Tuiscint ar an Ombudsman mar Chuid den Gharda Síochána


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir gan daoine idir dhá chomhairle san áireamh



- Creideann níos mó ná aon trian de na daoine a chuir tuairim in iúl — go mícheart — gur chuid den Gharda Síochána é Ombudsman an Gharda Síochána. Is eol do na daoine eile gur comhlacht neamhspleách é. Mhol an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (CoFPI) gur cheart go mbeadh ainm nua ag an gcomhlacht nua a thiocfaidh in áit Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, lena shoiléiriú nach cuid den Gharda Síochána é.

Muinín as Gnéithe de Chumas an Gharda Síochána


Bunús: Na Rannpháirtithe go léir –1,003



- Chuir an pobal muinín in iúl maidir le cumas an Gharda Síochána seirbhís chúirtéiseach a chur ar fáil, coireanna a imscrúdú agus freagra éifeachtach a thabhairt ar iarratais ar chúnamh.


Leibhéal Teagmhála leis an nGarda Síochána le 12 Mhí Anuas

Bunús: Na Rannpháirtithe go léir – 1,003



Sástacht leis an Teagmháil is Déanaí leis an nGarda Síochána


Bunús: Gach duine a bhí i dTeagmháil leis an nGarda Síochána – 232



- As na freagróirí a bhí i dteagmháil leis an nGarda Síochána le déanaí, bhí níos mó ná ochtar as gach deichniúr sásta leis an teagmháil, agus ní raibh ach duine as gach deichniúr míshásta. Is ionann sin agus ardú suntasach ar an líon daoine a bhí an-sásta nó sásta, i gcomparáid leis an suirbhé roimhe sin.

Toilteanas gearán a dhéanamh i ndiaidh drochtheagmháil le garda

Bunús: Na Rannpháirtithe go léir gan daoine idir dhá chomhairle san áireamh



- As na daoine a chuir tuairim in iúl, tugann níos mó ná seachtar as gach deichniúr in iúl go mbeidís toilteanach gearán a dhéanamh dá mbeadh drochtheagmháil acu le garda, líon a bhí ag teacht arís le leibhéil 2016.



**Garda
Ombudsman**
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

☎ **(01) 871 6700**

☎ **Íosghlao 1890 600 800**

📄 **(01) 814 7026**

🖱 **www.gardaombudsman.ie**

✉ **info@gsoc.ie**

🐦 **@gardaombudsman**